

# An Foras Taighde ar Oideachas

*Tuarascáil Bhliantúil 2021*

# Clár

Réamhrá an Chathaoirligh ........ 3
Caibidil 1: Maidir leis An Foras Taighde ar Oideachas ........ 5
Caibidil 2: Clár oibre agus aschuir 2021 ........ 10
Caibidil 3: Rialachas ........ 23
Aguisín 1: Liosta neamh-uileghabhálach de ghníomhaíochtaí i gcomhréir le cuspóirí Fheidhmeanna an Fhorais a chur chun cinn ........ 30
Aguisín 2: Tuarascáil ar Nochtadh Cosanta ........ 31
Aguisín 3: Ráiteas Airgeadais agus Ráiteas ar Rialú Inmheánach ........ 32

# Réamhrá an Chathaoirligh

Mar Chathaoirleach Gníomhach an Fhorais Taighde ar Oideachas is mór an onóir dom Tuarascáil Bhliantúil 2021 a chur i láthair ina dtugtar eolas cuimsitheach ar ghnóthaí oibre agus ar shaincheisteanna an FTO. Ar aon dul le Ordú Bunaithe 2015, tuairiscíonn an cháipéis seo ar dhé-mhisean an FTO: seirbhís tacaíochta measúnaithe a sholáthar do scoileanna agus do lárionaid oideachais (lena n-áirítear trialacha caighdeánaithe agus uirlisí measúnaithe eile a fhorbairt agus a sholáthar); agus taighde neamhspleách a dhéanamh ar gach gné den oideachas lena n-áirítear taighde a bheidh mar bhonn eolais d'fhorbairt polasaí agus d'fheabhsú caighdeáin oideachais.

Cuireadh tús le dé-mhisean seo an FTO i 1966 agus thug ionstraim reachtúil 2015 deimhniú dó. Tá an-suntas ag baint le hobair an FTO i dtírdhreach oideachais na hÉireann mar thoradh air seo.

Threoraigh an Plean Straitéiseach a foilsíodh in 2019 an clár oibre le linn 2021. Tá cuntas sa tuarascáil seo ar ghníomhaíochtaí a bhaineann leis na cláir mheasúnaithe idirnáisiúnta agus náisiúnta, le forbairt trialacha, meastóireacht ar chláir, anailís ar shonraí agus taighde neamhspleách. Ionann agus an bhliain roimhe sin, b'éigean coigeartuithe a dhéanamh ar thionscadail mar thoradh ar phaindéim Covid. Déantar an tionchar ar gach tionscadal a mhionsonrú sa tuarascáil.

I gcomhthéacs srianta na paindéime, tá éachtaí suntasacha bainte amach, go háirithe: rinneadh an t-ardán nua tástála ar líne a fhorbairt agus a chur ar fáil do scoileanna, rinneadh dul chun cinn ar an obair ó thástálacha páipéir go tástálacha ar líne, bhí éileamh ar an measúnú agus diagnóis iar-bhunscoile nuafhorbartha (PPAD-E) i mBéarla (a forbraíodh i gcomhar leis an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais), rinneadh an Irish Journal of Education a athdhearadh agus a athsheoladh mar irisleabhar ar líne amháin, tharla comhairliúchán críochnúil le páirtithe leasmhara mar réamhobair do chruthú an chéad Phlean Straitéisigh eile, agus tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le soláthar foirne riaracháin agus mar thoradh air sin cuireadh chun cinn feidhmeanna tábhachtacha rialachais.

Rinneadh obair fhorbartha tástála nua agus práinneach maidir le forbairt trialach a scóipeáil ach níor cuireadh tús leis toisc easpa acmhainní. Ciallaíonn sé seo go bhfuil noirm a bhaineann le trialacha níos sine ar nós trialacha litearthachta agus uimhearthachta, in úsáid inár scoileanna faoi láthair agus tá géarghá anois le nuashonrú chun a chinntiú go bhfanann siad cruinn agus úsáideach sna blianta amach romhainn. Mar shampla, baintear úsáid as trialacha diagnóiseacha do Naíonáin Shinsearacha chun acmhainní daltaí a leithdháileadh san oideachas speisialta. Toisc nach bhfuil fáil ar noirm nuashonraithe, d'fhéadfadh nach n-aithneofaí go tráthúil daltaí a bhfuil gá acu le teagasc níos spriocdhírithe nó tacaíochtaí speisialta oideachais eile. Is ábhar mór imní é seo don FTO agus leanfaimid orainn ag éileamh na n-acmhainní ar leith atá de dhíth ón Roinn Oideachais don fhorbairt trialach seo lena chinntiú gur féidir tús a chur leis an obair seo chomh luath agus is féidir.

Bhí sé  mar thosaíocht ag an FTO le linn 2021 cloí go hiomlán le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Cé go bhfuil na córais chumarsáide nuashonraithe, leanann an FTO ag éileamh na n-acmhainní is gá chun na trialacha Gaeilge do scoileanna a athfhorbairt agus a fheabhsú.

Le linn na socruithe oibre cianda agus cumaisc a tharla de bharr na paindéime, d'éirigh le foireann an FTO ualach oibre ar ardchaighdeán a dhéanamh in 2021. Molaim an fhoireann as a dtiomantas, a gcuid oibre foirne agus a ngairmiúlacht. Mar aon leis na tionscadail a thuairiscítear sa doiciméad seo, léiríonn liosta na bhfoilseachán agus na gcur i láthair comhdhála raon agus cáilíocht na hoibre a chuir baill foirne i gcríoch in 2021.

Rinne an fhoireann riaracháin dul chun cinn suntasach maidir le saincheisteanna rialachais agus corparáideacha amhail airgeadas, bainistíocht riosca, forbairt polasaí, teicneolaíocht agus bainistíocht acmhainní daonna. Tá dul chun cinn déanta acu ar na saincheisteanna bainteach leis an gcomhaontú léasa le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus stádas úinéireachta fhoirgneamh na roinne tástála ar Bhóthar Richmond atá fós gan réiteach. Táim faoi chomaoin acu as an obair thábhachtach atá déanta acu chun tacú le príomhfheidhmeanna an FTO.

Is mian liom aitheantas a thabhairt do shár-cheannaireacht an Dochtúir Jude Cosgrove a bhunaigh fís agus a threoraigh obair an FTO go dúthrachtach, go gairmiúil agus go hionraic. Bhí tacaíocht den scoth aici ó Fhoireann Shinsearach Bainistíochta chun an obair a chur chun cinn agus iad ag mionathrú chun freagairt le díograis agus le misneach do choinníollacha na paindéime.

Is mian liom aitheantas agus buíochas a ghabháil leis an Roinn Oideachais, go háirithe leis an Láraonad Beartais, as a dtacaíocht agus as a gcomhoibriú. Táimid thar a bheith buíoch freisin do na heagraíochtaí go léir a oibríonn i gcomhar leis an FTO, lena n-áirítear an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí, an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, agus go leor gníomhaireachtaí, institiúidí agus daoine aonair eile a bhíonn ag obair i gcomhpháirt linn.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Dochtúir Pauric Travers, Cathaoirleach an Bhoird ó 2016 go dtí mí Iúil 2021. Mar Chathaoirleach, bhí an Dochtúir Travers cuimsitheach, comhoibríoch, tacúil agus éifeachtach. Dá críochnúlacht agus dá héifeachtúlacht, tá an Bord faoi chomaoin ag Anne Comey, Rúnaí an Bhoird ó bunaíodh é go dtí mí Mheán Fómhair 2021, toisc gur chuidigh obair Anne le bunúis a chur go tapa faoin mBord nua. Nuair a ceapadh Damian Downes sa phost mar Phríomhoifigeach, Rialachas Corparáideach, i Meán Fómhair 2021, ceapadh é mar Rúnaí ar an mBord agus tá an Bord buíoch dó as a ionchur. Tá mórbhuíochas ag dul do chomhaltaí eile an Bhoird, Éamon Ó Muircheartaigh agus an tOllamh Michael Martin, don saineolas, don ghaois agus don aire a chuireann siad ar fáil d’obair an Bhoird. Fáiltítear roimh an Dochtúir Sharon Feeney, a thosaigh ar an mBord ag deireadh na bliana 2021, tá an-áthas orainn go bhfuil a taithí agus a saineolas ar fáil dúinn. Tá an Bord as baint leasa as an taithí shuntasach atá ag Ray Mooney ar Choiste Iniúchta agus Riosca an Bhoird agus táimid faoi chomaoin aige.

Le buíochas do chomhaltaí an Fheidhmeannais a bhí páirteach in ullmhú na tuarascála seo ar obair an FTO in 2021, tá lúcháir orainn an tuarascáil seo a chur i láthair.

Denise Burns

Dr. Denise Burns Cathaoirleach Gníomhach, Bord Rialaithe an FTO

# Caibidil 1: Maidir leis An Foras Taighde ar Oideachas

## Réamhrá

Bunaíodh An Foras Taighde ar Oideachais (FTO) i 1966 agus rinneadh gníomhaireacht reachtúil neamhspleách de chuid na Roinne Oideachais de i Meán Fómhair 2015. Dá réir sin, ní mór don FTO raon riachtanas a chomhlíonadh, lena n-áirítear plean straitéiseach a fhorbairt. Bunaíodh Bord Rialaithe don FTO 12 mhí tar éis é a bhunú mar chomhlacht reachtúil. Tharla sé seo ag an am céanna le bunú na hInstitiúide Oideachais (IO) in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (OCBÁC) a chuimsigh Coláiste Phádraig, Droim Conrach, Institiúid Oideachais Mater Dei, Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann agus Scoil Staidéir Oideachais OCBÁC[1].

Tá obair an FTO treoraithe ag an misean agus na feidhmeanna mar atá ina Ionstraim Reachtúil[2]. Déantar idirdhealú san Ordú Bunaíochta (IR 392 de 2015) idir dhá fheidhm reachtúil an Fhorais:

- Seirbhís tacaíochta measúnaithe a sholáthar do scoileanna agus do lárionaid oideachais
- Taighde neamhspleách (féin-tionscanta), coimisiúnaithe agus tionscanta ag an bhForas féin, a dhéanamh ar gach gné den oideachas agus ag gach leibhéal den chóras oideachais.

Tá liosta neamh-uileghabhálach gníomhaíochtaí luaite go sonrach san Ordú Bunaíochta (Airteagail 8 agus 9) atá de réir chur chun cinn cuspóirí feidhme an FTO (Aguisín 1). Léiríonn fairsinge an liosta ilréimse na snáitheanna oibre agus comhoibrithe atá riachtanach idir an FTO agus na sraitheanna éagsúla den chóras oideachais. Áirítear a chur ar chumas scoileanna leibhéil ghnóthachtála agus caighdeáin acadúla scoláirí a mheas agus tuairisciú go córasach orthu seo; cuidiú le scoileanna riachtanais speisialta oideachais dhaltaí aonair a aithint; measúnuithe náisiúnta agus idirnáisiúnta a dhéanamh ar ghnóthachtáil oideachais agus na sonraí seo a stóráil go slán agus a thuairisciú; a bheith páirteach i meastóireachtaí clár; taighde neamhspleách (FTO-)tionscnaithe a dhéanamh; acmhainn a thógáil; ionadaíocht ar bhoird chomhairleacha náisiúnta agus idirnáisiúnta; seirbhísí comhairleoireachta a sholáthar; agus comhoibriú le comhlachtaí eile de réir mar is cuí.

Clúdaíonn an tuarascáil seo, atá á chur ag Bord an Fhorais faoi bhráid an Aire Oideachais, de réir Alt 52 den Ordú Bunaíochta, an bhliain 2021.

## An Plean Straitéiseach

Bhí bunú chéad Phlean Straitéiseach an FTO aitheanta mar thosaíocht ag an mBord, agus thug an Bord faomhadh dá fhoilsiú (i Márta 2019) thart ar seacht mhí tar éis cheapacháin an chéad Phríomhfheidhmeannaigh (Meán Fómhair 2018).

Cuireann an Plean Straitéiseach a fheidhmeanna agus a chuspóirí i bhfoirm fís straitéiseach - *Sármhaitheas maidir le taighde, meastóireacht agus measúnú oideachais a dhéanamh agus a thacú* – agus misean trí-pháirt:

- Taighde, measúnú agus staidéir mheastóireachta náisiúnta agus idirnáisiúnta, coimisiúnaithe agus ginte go neamhspleách, a bhíonn tráthúil, so-aimsithe agus ábhartha, ar gach gné den oideachas agus ag gach leibhéal den chóras oideachais, a dhéanamh agus a scaipeadh
- Measúnuithe ardcháilíochta a fhorbairt agus seirbhísí tacaíochta láidre don mheasúnú a sholáthar do scoileanna agus do lárionaid oideachais

[1] D'fhonn leanúnachas a choinneáil i seirbhísí agus i gcaidrimh idir an FTO agus OCBÁC lena n-áirítear an Institiúid Oideachais nuabhunaithe, dréachtaíodh Comhaontú Idirthréimhse dhá bhliain (síneadh bliana curtha leis ina dhiaidh sin). Chun leasanna fhoireann an FTO a chosaint, dhréachtaigh agus chomhaontaigh an ROS, FTO, Coláiste Phádraig (mar a bhí ag an am) agus Cónaidhm Múinteoirí Ollscoile na hÉireann Comhaontú Foirne.

[2] Féach IR 392/2015 An Foras Taighde ar Oideachas Ordú (Bunaíochta) 2015,agus leasuithe ina dhiaidh sin IR 309/2017 An Foras Taighde ar Oideachas Ordú (Bunaíochta) (Leasú) 2017.

- Comhoibriú le heagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta chun foghlaim a roinnt agus chun acmhainn agus saineolas a fhorbairt i ngach ceann de na réimsí thuasluaite.

Rinneadh an plean a fhorbairt i gcomhairle leis an bhfoireann go léir, leis an mBord, agus le gníomhaireachtaí eile na Roinne Oideachais agus le páirtithe leasmhara eile. D'eascair ón bpróiseas comhairliúcháin sé luach agus cúig threoirphrionsabal a aithníodh, mar atá liostaithe thíos.

**Luachanna**

- Tá ardluach againn ar cháilíocht, ábharthacht, inrochtaineacht agus tionchar ár gcuid oibre
- Tá luach againn ar iontaoibh agus muinín an phobail ionainn agus táimid tiomanta do sheasamh leis an muinín sin
- Tá luach agus meas againn ar fhoghlaimeoirí, tuismitheoirí, oideachasóirí agus páirtithe leasmhara, agus ar a chéile freisin
- Tá luach againn ar an infheistiú i saineolas, tacaíocht agus folláine na foirne
- Tá ríthábhacht dar linn ag baint le hobair bhuíne, le caidrimh agus le hobair chomhoibritheach
- Táimid tiomanta do luachanna na seirbhíse poiblí.

**Treoirphrionsabail**

- Cáilíocht, ábharthacht agus tionchar
- Cothromaíocht idir inbhuanaitheacht agus forbairt
- Ailínithe le tosaíochtaí náisiúnta, a mbíonn forbairtí náisiúnta agus idirnáisiúnta mar bhonn leo
- Spiorad comhoibritheach i gceannaireacht agus in obair bhuíne
- Ionchuimsitheacht agus meas.

**Tréimhsí agus Cuspóirí Ardleibhéil**

Tagann forbairt ar an bPlean thar thréimhse trí bliana, agus é ag gluaiseacht ó *aistriú*, go *daingniú*, agus ansin go *forbairt*. Bhí an *daingniú* mar shaintréith sa bhliain reatha (2021) ach caithfear a aithint, ag an am céanna, go raibh an t-*aistriú* an-fheiceálach mar gheall ar Covid-19.

Aithnítear trí chuspóir ardleibhéal sa Phlean, léiriú ar stádas 'óg' an chomhlachta reachtúil agus aistrithe a tharla le déanaí agus a bhí suntasach:

- bonn foirne agus timpeallacht fhisiceach an FTO a chobhsú agus a fheabhsú
- cur chuige inbhuanaithe agus straitéiseach a ghnóthú ó thaobh trialacha a fhorbairt/anailís agus taighde coimisiúnaithe agus ginte go neamhspleách araon
- leanúint le struchtúir rialachais láidre, trédhearcacha a fhorbairt agus a fheabhsú.

## An Fhoireann

Ag mí na Nollag 2021, bhí faomhadh ag an FTO do 45 ball foirne coibhéis lánaimseartha. Áirítear leis seo trí chonradh a bhí luaite go sonrach le tionscadail taighde neamh-thimthriallach. Tá foireann feidhmeannais ag an FTO atá treoraithe ag an bPríomhfheidhmeannach (PFO), An Dochtúir Jude Cosgrove. Tá struchtúr na heagraíochta léirithe sa Chairt Eagraíochtúil ag Figiúr 1.

| **Feidhmeannacht** | |
|---|---|
| Dr Jude Cosgrove | PFO |
| Mr Damian Downes | Príomhoifigeach |
| Ms Anne Comey | Príomhoifigeach Cúnta |
| Mr Peter Kennedy | Príomhoifigeach Cúnta |
| Dr Rachel Perkins | Comhalta Taighde |

| | |
|---|---|
| Dr Aidan Clerkin | Comhalta Taighde |
| Dr David Millar | Comhalta Taighde |
| Dr Lorraine Gilleece | Comhalta Taighde |
| Dr Eimer Delaney | Comhalta Taighde |

Seo a leanas an fhoireann mar a bhí i 2021:

| **Foireann Taighde** | |
|---|---|
| Dr Jude Cosgrove | CEO |
| Dr Gerry Shiel (Ar scor Mí na Nollag 2020 – GSRS amháin) | Comhalta Taighde |
| Dr Eemer Eivers (Chríochnaigh –15 Samhain 2020)) | Comhalta Taighde |
| Dr Rachel Perkins | Comhalta Taighde |
| Dr Aidan Clerkin | Comhalta Taighde |
| Dr Lorraine Gilleece | Comhalta Taighde |
| Dr David Millar | Comhalta Taighde |
| Dr Mary Lewis | Comhlach Taighde |
| Dr Emer Delaney | Comhlach Taighde |
| Ms Rachel Cunningham | Comhlach Taighde |
| Ms Caroline McKeown (Briseadh Gairme ó 17/04/2020) | Comhlach Taighde |
| Dr Lauren Kavanagh (Briseadh Gairme ó 16/01/2019) | Comhlach Taighde |
| Mr Adrian O'Flaherty | Comhlach Taighde |
| Ms Sylvia Denner | Comhlach Taighde |
| Ms Joanne Kiniry | Comhlach Taighde |
| Dr Brenda Donohue | Comhlach Taighde |
| Dr Sharon Nelis | Comhlach Taighde |
| Dr Caroline Rawdon | Comhlach Taighde |
| Ms Mary Delaney | Comhlach Taighde |
| Ms Eva Moran | Cúntóir Taighde |
| Ms Sarah McAteer | Cúntóir Taighde |
| Ms Fionnuala Short | Cúntóir Taighde |
| Ms Theresa Walsh | Cúntóir Taighde |
| Ms Alice Duggan | Cúntóir Taighde |
| Ms Caitriona Fitzgerald | Cúntóir Taighde |
| Mr Conall Ó Duibhir | Cúntóir Taighde |
| Mr Anastasios Karakolidis | Cúntóir Taighde |
| Ms Kara Sampson (Chríochnaigh 9 Meán Fómhair 2021) | Cúntóir Taighde |
| Mr Emmet Feerick | Cúntóir Taighde |
| Ms Grainne McHugh | Cúntóir Taighde |
| Mr George Piccio | Cúntóir Taighde |
| Ms Helena Ní Rocháin | Cúntóir Taighde |
| Ms Alexandra Philbin (Chríochnaigh 18 Meitheamh 2021) | Cúntóir Taighde |
| Mr Brendan O'Neill | Cúntóir Taighde |
| Dr Vasiliki Pitsia | Cúntóir Taighde |

| **Foireann TF & Riaracháin** | |
|---|---|
| Mr Damian Downes | Príomhoifigeach |
| Ms Anne Comey | Príomhoifigeach Cúnta |
| Mr Peter Kennedy | Príomhoifigeach Cúnta |
| Mr John Coyle | Riarthóir Córais |
| Ms Patricia Gaffney | Ardoifigeach Feidhmiúcháin |
| Ms Blána Kelly | Oifigeach Feidhmiúcháin |
| Ms Imelda Pluck | Oifigeach Feidhmiúcháin |

| | |
|---|---|
| Mr Leo Devlin | Oifigeach Feidhmiúcháin |
| Ms Lynn Jackson | Oifigeach Feidhmiúcháin |
| Ms Marie Jones | Oifigeach Feidhmiúcháin |
| Mr Cian Ó Raghallaigh | Oifigeach Cléireachas |

Ag Nollaig 31, 2021 is é an leibhéal foirne a bhí ann ná 36.3 CLA.

Tá eolas breise ar fhoireann an FTO ar fáil ar ár láithreán gréasáin: https://www.erc.ie/about/staff.

**Figiúr 1. Cairt Eagraíochta don FTO, 2021**

FTO Cairt Eagraíochta
Nollaig 2021



# Caibidil 2: Clár oibre agus aschuir 2021

Déantar cur síos in áit eile ar Chlár Oibre mionsonraithe an FTO (féach an hipearnasc https://www.erc.ie/programme-of-work). Faoi láthair, tá obair an FTO dírithe ar an mbunleibhéal agus ar an iar-bhunleibhéal. Faoi láthair Irishníl an FTO i mbun taighde, meastóireachta nó measúnaithe ag na leibhéil réamhscoile ná iar-mheánscoile, cé gur tharla a leithéid san am atá thart agus d'fhéadfadh a leithéid tarlú amach anseo. Faoi láthair, áfach, tá ról ag an FTO ar Chlár an ECFE um Measúnú Idirnáisiúnta ar Inniúlachtaí Aosach (PIAAC) mar ionadaí na hÉireann ar a Bhord Rialaithe Idirnáisiúnta.

Is féidir gníomhaíochtaí agus obair an FTO a ghrúpáil i seacht gcinn de shnáitheanna:

1. Maoirseacht, soláthar agus tuairisciú go náisiúnta ar mheasúnachtaí mórscála idirnáisiúnta[3]
2. Bainistiú, maoirsiú agus tuairisciú ar mheasúnachtaí mórscála náisiúnta[4]
3. Cur le polasaí ar, agus le meastóireacht a bhaineann le, míbhuntáiste oideachasúil
4. Trialacha a fhorbairt, a chaighdeánú agus a thacú (formáid pháipéar agus ar líne araon)
5. Meastóireacht clár
6. Tacaíocht anailíseach do shonraí[5]
7. Taighde a ghintear go neamhspleách.

Is thar ceann na Roinne Oideachais a rinne an FTO tromlach na staidéar. Déantar staidéir eile thar ceann ghníomhaireachtaí na Roinne, ar nós an CNCM nó an CNOS. Is minic a bhíonn an FTO ag obair i gcomhar nó i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí agus le daoine aonair eile ar staidéir – mar shampla, an comhoibriú rathúil le SNSO chun an triail PPAD-E a fhorbairt do scoláirí na Chéad Bhliana. Ina theannta sin, tionscnaíonn an FTO a shnáitheanna taighde féin freisin, lena n-áirítear staidéir taighde PhD agus tionscnaimh neamhspleácha eile.

Sa chaibidil seo tugtar achoimre ar an dul chun cinn a rinneadh in 2021 maidir leis na Gníomhaíochtaí sonracha atá leagtha amach i bPlean Straitéiseach 2019-21 an FTO. Is í seo an bhliain dheireanach de Phlean Straitéiseach 2019-21, agus foilseofar Plean nua a chlúdaíonn an tréimhse 2022-24 i mí Aibreán 2022.

Tugann Tábla 1 achoimre ardleibhéil ar dhul chun cinn ar na Gníomhaíochtaí le linn 2021. Mar a léirítear sa tábla, cé go bhfuil dul chun cinn bainte amach nó curtha i gcrích maidir le roinnt gníomhaíochtaí, níor tharla, fós, an dul chun cinn a bhí beartaithe maidir le roinnt pointí gníomhaíochta. Is féidir an chúis a chur i bpáirt, ach ní go hiomlán, ar phaindéim COVID-19 nuair ba ghá am agus acmhainní a ath-leithdháileadh go práinneach chun freagairt go tapa do na rioscaí agus na dúshláin a d'eascair laistigh den eagraíocht (m.sh., oiriúnú don chianobair agus d'obair chumaisc) mar aon le hathsceidealú suntasach, athriarachán, nó coigeartuithe eile ar roinnt tionscadal mórscála (m.sh. meastóireacht NAMER, PIRLS, GRS).

Toisc shuntasach eile a bhaineann leis an gcomhthéacs seo ná riocht na foirne agus acmhainn an FTO a chuid freagrachtaí go léir a chomhlíonadh leis na leibhéil reatha foirne agus acmhainní. Moladh méaduithe foirne agus roinnt feabhsuithe eagraíochtúla san athbhreithniú neamhspleách ar

[3] Faoi láthair: Staidéar ar Dhul Chun Cinn sa Litearthacht agus Léamh Idirnáisiúnta (SLLI), An Clár Idirnáisiúnta um Measúnú Daltaí (CIMD), agus Staidéar ar Threochtaí Idirnáisiúnta i Matamaitic agus in Eolaíocht (TIMSS).
[4] Go príomha, Measúnachtaí Náisiúnta ar Mhatamaitic agus ar Léitheoireacht Bhéarla (MNMLB).
[5] Mar shampla, anailís go leanúnach ar shonraí tinrimh agus ar ionchur anailíseach TUSLA i samhail leithdháileadh-acmhainne na ROS do riachtanais speisialta oideachais.

fhoireann agus ar eagar an FTO a cuireadh faoi bhráid na Roinne in Earrach 2019. Eascraíonn an gá le feabhsuithe eagraíochtúla seo cuid mhór mar thoradh ar na méaduithe suntasacha ar fheidhmeanna agus ar dhualgais riaracháin, rialachais, airgeadais agus comhlíonta an FTO ó bunaíodh é mar chomhlacht reachtúil. Tá dul chun cinn suntasach déanta ó shin maidir le foireann riaracháin an FTO le ceapacháin riaracháin agus theicniúla nua in 2021 (is iad sin, oifigeach cléireachais, oifig feidhmiúcháin, bainisteoir TF, agus Príomhoifigeach a mhaoirsíonn na feidhmeanna rialachais). Ina theannta sin, rinneadh athghrádú ar an bpost Ceann Roinne Tástála an FTO go leibhéal Ardoifigeach Feidhmiúcháin chun freagrachtaí an róil a léiriú. Threisigh na poist seo feidhmeanna riaracháin, rialachais agus comhlíonta an FTO, cé go leantar ag cinntiú comhlíonadh an FTO ar gach bealach mar eagraíocht óg reachtúil.

Mar sin féin, In ainneoin na bhfeabhsuithe seo ar an dtaobh riaracháin agus rialachais, tá an FTO gann ar fhoireann fós ó thaobh foireann taighde i gcoibhneas leis an ualach oibre taighde agus, go háirithe, maidir le croífhoireann tiomanta d’fhoireann forbartha tástála. Tá foireann forbartha tástála ag teastáil go práinneach ionas gur féidir dul chun cinn a dhéanamh ar chlár rímhór d’obair forbartha trialacha atá pleanáilte ar bhonn ilbhliantúil, lena n-áirítear trialacha nua agus athfhorbairt ar thástálacha atá ann cheana a chuimsíonn litearthacht agus uimhearthacht sa Bhéarla agus sa Ghaeilge araon ag gach leibhéal ó Naíonáin Shinsearacha (scagadh agus diagnóisic) go dtí an Tríú Bliain. Faoi láthair, tá na héilimh ar an bhfoireann taighde chomh mór sin go bhfuil moill shuntasach ar thuarascálacha atá beartaithe ar roinnt tionscadal (m.sh., TIMSS, PIRLS, PISA) mar gheall ar éilimh iomaíocha ar thionscadail. Tá athbhreithniú seachtrach ar fhoireann agus ar struchtúr an FTO beartaithe do 2022 chun bonn eolais a sholáthar d’fheabhsuithe atá ag teastáil sa réimse seo lena chinntiú go dtuairiscítear go hiomlán agus go tráthúil ar obair thionscadail FTO.

Agus tús curtha arís leis an obair ar an láthair in áitreabh an FTO in 2021, mar a bheidh sna blianta atá le teacht, tá polasaí fadtéarmach um Oibriú Cumaiscthe á ullmhú ag an FTO chun solúbthacht oibre a éascú ionas gur féidir coinneáil leis na leibhéil arda táirgiúlachta agus tiomantais atá léirithe ag baill foirne ar fud na paindéime. Tarlóidh forbairt an pholasaí seo taobh le taobh le tuilleadh athbhreithnithe ar bhonneagar TF agus Acmhainní Daonna an Fhorais lena chinntiú go mbeidh uirlisí agus oiliúint chuí ar fáil don fhoireann ar fad.

Tá rogha aschur taighde, forbairt tástála agus bogearraí curtha i láthair ag deireadh na caibidle.

**Tábla 1. Athbhreithniú ar ghníomhaíochtaí an FTO in 2021 faoi shnáithe agus gníomhaíochtaí Phlean Straitéiseach 2019-2021**

| Snáithe agus gníomhaíocht | Fráma Ama | Tréimhse | Nótaí |
|---|---|---|---|
| **1: An clár um measúnú idirnáisiúnta** | | | |
| 1a: Ardchaighdeáin a choinneáil i bhforbairt, obair allamuigh, anailís agus tuairisciú | Leantach | Leantach | Bainte amach in 2021 cé gur aithníodh gur gá a chinntiú go bhfuil acmhainní leordhóthanach ar fáil chun tuairisciú go tráthúil mar a bhí beartaithe. |
| 1b: TIMSS 2019, PIRLS 2021 agus PISA 2021 a fheidhmiú go sásúil | Leantach | Leantach | Bainte amach mar a bhí beartaithe in 2021 (príomhstaidéar PIRLS críochnaithe agus glactha ag cuibhreannas idirnáisiúnta na dtionscadal); ullmhúcháin ar bun do phríomhstaidéar PISA in 2022. |
| 1c: Tús a chur le hobair ar TIMSS 2023 agus PISA 2024 | R1-R2 2021 | Forbairt bhreise | Ullmhúcháin ar bun do thriall allamuigh TIMSS 2023 (Earrach 2022). |
| 1d: Tuairisciú a fheabhsú chun freastal níos fearr ar riachtanais na bpáirtithe leasmhara | Tuairisciú náisiúnta tosaigh le tarlú i R4 2020 (TIMSS) agus R4 2022 (PIRLS agus PISA) | Daingniú; Forbairt bhreise | Obair leantach ar thuairisciú comhthéacsúil TIMSS 2019, tuairisciú PISA 2018 agus na céimeanna deiridh de thuairisciú PIRLS 2016. Sonraí PISA 2018 úsáidte le haghaidh tuairisciú/grafaic faisnéise DEIS |
| 1e: Féidearthacht agus luach na rannpháirtíochta i gcláir nua don mheasúnú idirnáisiúnta a dheimhniú, ar nós an Staidéar Idirnáisiúnta ar Litearthacht um Eolas Ríomhaireachta (ICILS 2023) | 2021 | Forbairt bhreise | Scrúdaíodh an rogha ach níor deimhníodh rannpháirtíocht na hÉireann don timthriall reatha. |
| **2: An clár um measúnú náisiúnta** | | | |
| 2a: Ardchaighdeáin a choinneáil i bhforbairt, obair allamuigh, anailís agus tuairisciú | Leantach | Leantach | Críochnaíodh obair allamuigh (athsceidealaithe) NAMER go sásúil in 2021. Uirlis scálaithe nuálach forbartha agus oiliúint curtha ar fáil don fhoireann. |
| 2b: An comhtháthú ar ghnéithe de mheastóireacht DEIS chuig MNMLB 2020 a bhainistiú go sásúil | Leantach | Leantach | Bainte amach. |
| 2c: Tuairisciú a fheabhsú chun freastal níos fearr ar riachtanais na bpáirtithe leasmhara | Tuairisciú tosaigh le tarlú i R2 2021 | Daingniú; Forbairt bhreise | Anailís agus tuairisciú ar bun agus mar a bhí beartaithe, modhanna scálaithe níos forbartha curtha san áireamh don chéad uair. |

**Tábla 1 (ar lean).**

| Snáithe agus gníomhaíocht | Fráma Ama | Tréimhse | Nótaí |
|---|---|---|---|
| **3: Trialacha a fhorbairt, a chaighdeánú agus a thacú** | | | |
| 3a: Na haistrithe ó thrialacha páipéar-bhunaithe sean go nua agus ó thrialacha páipéar go trialacha ar líne a bhainistiú | 2019-2020 | Aistriú | Rinneadh an Measúnú Iar-Bhunscoile agus an Triail Diagnóiseach-Béarla (PPADE) nua a rolladh amach go sásúil chuig scoileanna in éineacht le huirlis shaincheaptha sonraí do thuairisciú scoile. Rinneadh na catalóga tástála do thástálacha ar líne agus páipéir a athbhreithniú agus a nuashonrú agus a óstáil ar an láithreán gréasáin faisnéise tástála nua. Rinneadh an t-ardán measúnaithe ar líne nua ERC DOTS a fhorbairt, a thástáil agus a rolladh amach do scoileanna le húsáid san Earrach 2021. Ina chéad séasúr tástála, rinneadh níos mó ná 30,000 tástáil a sheachadadh ar ERC DOTS. |
| 3b: Ár n-ardán tástála ar líne a athbhreithniú agus a uasdátú, de réir mar is gá | R2 2019-R1 2020 | Aistriú | Cuireadh an t-ardán nua ERC DOTS i bhfeidhm go rathúil i scoileanna san Earrach 2021. |
| 3c: Tabhairt faoi obair nua ar thrialacha a fhorbairt | 2021 | Forbairt bhreise | Tá na chéad chéimeanna eile d’fhorbairt trialacha pleanáilte agus scóipeáilte ach níor tosaíodh fós toisc nach bhfuil acmhainní ilbhliana deimhnithe. |
| 3d: Rannpháirtíocht le húsáideoirí tástála a fheabhsú (múinteoirí, foghlaimeoirí, príomhoidí, tuismitheoirí) (féach Gníomhaíocht 8a-c, thíos) | 2021 | Forbairt bhreise | Bainte amach mar a bhí beartaithe in 2021, lena n-áirítear ábhair faisnéise nua agus seimineár gréasáin (taifeadta) chun tacú le scoileanna ERC DOTS a úsáid. Tá leagan taispeána nua den ardán ERC DOTS ar fáil anois do mhúinteoirí, scoláirí nó tuismitheoirí le triail a bhaint as ag https://trythetest.erc.ie/ErcTry/Index#/home |
| 3e: An tacaíocht tástála a sholáthraítear do scoileanna agus do lárionaid oideachais eile a chothabháil agus a fheabhsú | 2019-2020 | Daingniú; | Bainte amach den chuid is mó mar a beartaíodh, le láithreán gréasáin an FTO athstruchtúrtha agus tacaíocht fóin agus ríomhphoist feabhsaithe; uasghrádú déanta ar an gcóras teileafóin. |
| 3f: Straitéis rollach/leanúnach d’fhorbairt trialach agus do mheasúnú a bhunú i gcomhairle le páirtithe leasmhara, ina measc uasdátú go rialta ar thrialacha atá ann cheana, mar is gá | R1 2021 | Forbairt bhreise | Níor baineadh amach |

**Tábla 1 (ar lean).**

| Snáithe agus gníomhaíocht | Fráma Ama | Tréimhse | Nótaí |
|---|---|---|---|
| **4: Míbhuntáiste oideachasúil** | | | |
| 4a: Clár oibre iomlán 2019-2021 a dheimhniú maidir le plean agus spriocanna DEIS 2017 i gcomhairle leis an páirtithe agus na gníomhaireachtaí ábhartha | R1-2 2019 | Aistriú | Bainte amach mar a bhí beartaithe: foireann taighde nua bunaithe go rathúil don snáithe seo. aithníodh agus cuireadh tús le snáitheanna meastóireachta, anailíse agus teicniúla. |
| 4b: Tuairisciú ar na gnóthachtálacha ag foghlaimeoirí DEIS bunaithe ar DEIS/MNMLB 2020 | Tuairisciú tosaigh ar an sceideal do R2 2021 | Forbairt bhreise | Pleanáilte do 2022 tar éis NAMER 2020 a chur siar go 2021. |
| 4c: An clár oibriú don mhíbhuntáiste oideachasúil a chur i bhfeidhm agus tuairisciú air | 2020-2021 | Daingniú; Forbairt bhreise | Bainte amach: Foilsíodh dhá thuarascáil a dhírigh ar iar-bhunscoileanna DEIS agus úsáid á baint as sonraí PISA 2018 mar aon le grafaic faisnéise a ghabhann leo (2020, 2021). Lean obair ar shamhail aitheantais scagtha DEIS agus baineadh amach mar a bhí pleanáilte agus cuireadh an t-aschur ábhartha ar fáil do Ghrúpa Teicniúil DEIS chun eolas a sholáthar d'fhorbairt agus do mhionchoigeartú samhla (2020/2021). Críochnaíodh go rathúil an chéad bhabhta de bhailiú sonraí le scoláirí, meantóirí agus comhpháirtithe tionscail i P-TECH agus cuireadh tuarascálacha meastóireachta (ceithre thuarascáil agus grafaic faisnéise) isteach (2021). Cumarsáid leanúnach leis an Roinn ar phlean oibre DEIS agus ar straitéis mhonatóireachta agus mheastóireachta níos leithne DEIS trí rannphairtíocht an FTO i ngrúpa Monatóireachta agus Meastóireachta DEIS, grúpa Teicniúil DEIS agus grúpa Comhairleach DEIS. |
| **5: Meastóireacht clár (tionscadail nua 2019-2021)** | | | |
| 5a: Téarmaí tagartha do chlár nua staidéir mheastóireachta a aontú | R1 2019 | Aistriú | Bainte amach cheana féin maidir le trí thionscadal ilbhlianta nua: meastóireacht náisiúnta ar an gCreat Foghlama Digiteach; meastóireacht ar FGL don fholláine; meastóireacht ar an Scéim Aitheantais Gaeltachta. Síneadh dhá bhliain leis an meastóireacht SAG ionas go mbeidh sé ag teacht le síneadh na Scéime. |
| 5b: Clár staidéir mheastóireachta a chomhlánú go sásúil de réir na dtéarmaí tagartha a bhaineann le gach ceann acu | 2019-2021 | Daingniú; Forbairt bhreise | Bainte amach mar a bhí pleanáilte in 2021, cé go raibh roinnt moilleanna agus athruithe comhaontaithe ar an staidéar SAG mar thoradh ar dhúnadh scoileanna. |
| 5c: Naisc agus téamaí comónta idir na staidéir mheastóireachta a aithint mar bhonn eolais d'obair thodhchaí | 2021 | Forbairt bhreise | Níor baineadh amach |

**Tábla 1 (ar lean).**

| Snáithe agus gníomhaíocht | Fráma Ama | Tréimhse | Nótaí |
|---|---|---|---|
| **6: Anailís, acmhainn a mhéadú agus scileanna a fhorbairt** | | | |
| 6a: Tógáil ar athbhreithniú an FR ar an struchtúr foirne agus eagraíochta agus ar fhoinsí eile (m.sh. breithmheasanna feidhmíochta, comhairliúchán foirne), chun plean struchtúrtha a bhunú le hacmhainní a mhéadú agus scileanna a fhorbairt | 2019 | Aistriú | Bainte amach i bpáirt agus idir lámha: Breithmheasanna bliantúla a nascann le forbairt ghairmiúil foirne curtha i bhfeidhm go rathúil i mblianta roimhe sin agus curtha i bhfeidhm go daingean i 2021. Leantar ag cur le tógáil acmhainne intí trí mheantóireacht ag leibhéil aonair/foirne agus trí threoirlínte a fhorbairt maidir le próiseáil sonraí agus anailís agus foilsiú. agus tuairisciú. Ina theannta sin, ghlac roinnt ball foirne páirt i gceardlanna saincheaptha ar phríomhghnéithe forbartha trialacha ar nós scálú, ualú, socrú caighdeán, agus anailís. Plean struchtúrtha maidir le hacmhainn a fhorbairt ar fud na heagraíochta nár baineadh amach fós. |
| 6b: Ardchaighdeáin a choinneáil i dtionscadail atá ann cheana a sholáthraíonn tacaíocht anailíseach | Leantach | Leantach | Bainte amach mar a bhí beartaithe |
| 6c: Tacaíocht a chothabháil do staidéir PhD atá ann cheana agus do shnáitheanna atá ann cheana ar thaighde a ghintear go neamhspleách | Leantach | Leantach | Bainte amach mar a bhí beartaithe in 2021 do staidéir PhD reatha. Tá dul chun cinn mall, áfach, ar shnáitheanna eile de thaighde a thionscnaítear go neamhspleách mar gheall ar leibhéil arda éilimh iomaíocha ar am na foirne. |
| 6d: Deiseanna straitéiseacha a aithint chun tacaíocht anailíseach a leathnú go gníomhaireachtaí eile | 2020-2021 | Forbairt bhreise | Rianaire bunaithe le haghaidh iarrataí taighde chuig an FTO chun cuidiú le foinsí a mhonatóireacht agus cineál na n-iarratas ar thacaíocht taighde. |
| 6e: Athbhreithniú ar riachtanais agus ar thosaíochtaí anailíseach an FTO | R3-4 2019 | Aistriú | Tugadh aghaidh i bpáirt ar roinnt riachtanas a sainaithníodh i meastóireachtaí trí cheardlanna saincheaptha bainteach le scálú agus próiseáil sonraí measúnaithe náisiúnta a sholáthar. |
| 6f: Straitéis anailíseach an FTO a dheimhniú, lena n-áirítear foinsí sonraí féideartha nua a fhiosrú | R2 2020 | Forbairt bhreise | Níos lú dul chun cinn déanta ná mar a bhí beartaithe mar gheall ar atreorú riachtanach acmhainní chun freagairt don phaindéim |

**Tábla 1 (ar lean).**

| Snáithe agus gníomhaíocht | Fráma Ama | Tréimhse | Nótaí |
|---|---|---|---|
| **7: Feidhmeanna neamhspleácha** | | | |
| 7a: Bealaí a aithint chun taighde a ghintear go neamhspleách- (FTO-) a fhorbairt agus a thacú, go háirithe trí anailís-thánaisteach (trí straitéis anailíseach an FTO, 6f) | 2020-2021 | Forbairt bhreise | Deiseanna anailíse tánaisteacha aitheanta agus tús curtha leo, agus fuarthas iarratais ar rannpháirtíocht an FTO i dtaighde ó chomhlachtaí agus Ranna seachtracha, ach dodhéanta dul chun cinn marthanach a dhéanamh mar gheall ar éilimh iomaíocha ar an bhfoireann le tionscadail atá idir lámha faoi láthair. |
| 7b: Deiseanna a lorg/fhreagairt go gníomhach do shnáitheanna nua den obair a ghintear go neamhspleách- (FTO-) i gcomhairle agus i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta | 2020-2021 | Forbairt bhreise | Mar atá thuas. Acmhainn an-teoranta faoi láthair chun iarratais ar obair neamhspleách a thionscnamh nó freagairt dóibh. |
| 7c: Irish Journal of Education (IJE) a athsheoladh | R4 2020 | Forbairt bhreise | Athseoladh an IJE mar irisleabhar athdheartha, ar líne amháin in 2021 (https://www.ercie/ije). Ina theannta sin, mar thoradh ar chomhphlé, d'eascair comhaontú maidir le foilseachán speisialta den IJE, in 2023, a bheidh dírithe ar thaighde SCoTENS. |
| 7d: Foilsiú agus fáil ar obair FTO-ginte a mhéadú (m.sh. trí chomhdhálacha, ailt in irisleabhair náisiúnta agus idirnáisiúnta) | 2020-2021 | Daingniú; Forbairt bhreise | Foilseacháin agus comhdhálacha liostaithe thíos. Srian áirithe ar rannpháirtíocht na comhdhála mar thoradh ar an bpaindéim. |
| 7e: Taighde a FTO-ginte go neamhspleách a fhí isteach go sonrach sa chlár oibre trí phleanáil struchtúrtha, tráthúil ar obair a bhíonn coimisiúnaithe ag an ROS agus ag gníomhaireachtaí eile | Leantach | Daingniú; Forbairt bhreise | Mar atá thuas. Acmhainn an-teoranta faoi láthair chun iarratais ar obair neamhspleách a thionscnamh nó freagairt dóibh. |
| **8: Comhairliúcháin le páirtithe leasmhara** | | | |
| 8a: Trí chomhairliúchán le grúpaí agus gníomhaireachtaí, tuairimí a fháil agus a shainscagadh ar aschuir an FTO (tuarascálacha, cuir i láthair, srl.) agus measúnuithe | 2019- 2020 | Daingniú | Iarradh tuairimí na bpáirtithe leasmhara agus tugadh cuireadh dóibh a dtuairimí a thabhairt le linn ullmhúcháin chéad Phlean Straitéisigh eile an FTO (2022-24), ina mbeidh an t-aiseolas san áireamh. Dhírigh comhairliúchán breise le páirtithe leasmhara go sonrach ar mheasúnú agus ar raon aschuir an FTO a mhéadú. |
| 8b: Mar fhreagairt ar chomhairliúcháin, tosaíochtaí straitéiseacha a fhí isteach sa phleanáil straitéiseach ar mheasúnú agus ar aschuir. | 2020 | Forbairt bhreise | Féach thuas. |
| 8c: Straitéis chomhairliúcháin a fhorbairt gach trí bliana le páirtithe leasmhara | 2020 | Forbairt bhreise | Féach thuas. |

**Tábla 1 (ar lean).**

| Snáithe agus gníomhaíocht | Fráma Ama | Tréimhse | Nótaí |
|---|---|---|---|
| **9: Rialachas** | | | |
| 9a: Comhaontú leibhéal-seirbhíse fadtéarma a bhunú idir an FTO agus OCBÁC le comhaontú trípháirteach idir OCBÁC, an FTO agus an ROS, ag cur san áireamh riachtanais fhorbartha todhchaí an FTO | 2019 | Aistriú | Bainte amach i bpáirt, cé go bhfuil soiléireacht fhadtéarmach ar shocruithe do phinsin agus seirbhísí leabharlainne fós idir lámha. Dul chun cinn déanta maidir le SLA le OCBÁC agus le síniú in 2022. |
| 9b: Stádas fadtéarma a ghnóthú don Roinn tástála | 2019 | Aistriú | Níor baineadh amach: Spleáchais sheachtracha chasta, ach roinnt dul chun cinn déanta i 2021 d'fhonn teacht ar chomhaontú in 2022. |
| 9c: Freagairt go straitéiseach d'athbhreithniú foirne an FR i gcomhthéacs na n-athruithe agus na bhforbairtí ar chomhthéacsanna inmheánacha agus seachtracha an FTO | Ó R1 2019 | Aistriú; Daingniú | Dul chun cinn suntasach déanta in 2021 maidir le soláthar foirne riaracháin. CO, EO, bainisteoir TF agus PO (Rialachas) tagtha chuig an FTO. Obair tosaithe ar phlean foirne a chuimseoidh 2022-2024. |
| 9d: Feidhmeanna acmhainní daonna (AD) a fheabhsú mar aon le hathbhreithniú iomlán a dhéanamh ar na próisis reatha agus freagairt dóibh seo chun ailíniú le barrchleachtas a dheimhniú | 2019 | Aistriú | Dul chun cinn déanta i ngach réimse, cé go ndearnadh acmhainní AD a atreorú go suntasach chun polasaithe agus nósanna imeachta Covid-19 a bhaint amach. |
| 9e: Feasacht a ardú ar obair an FTO | Leantach | Leantach | Bainte amach mar a bhí beartaithe in 2021: Feabhsuithe breise ar láithreán gréasáin an FTO; baineadh úsáid inbhuanaithe agus straitéiseach as Twitter; tuarascálacha cumarsáide rialta don Roinn maidir le tuarascálacha atá le teacht curtha i bhfeidhm. |
| 9f: Leanúint leis an bhfeidhm comhlíontachta a mhonatóireacht ar aon dul leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stát a Rialú | Leantach | Leantach | Bainte amach mar a bhí pleanáilte (anailís ar bhearnaí faoin gCód Cleachtais críochnaithe in 2019). |
| 9g: Clárú agus bainistiú riosca a fhorbairt trí fheidhm iniúchóireachta inmheánach | Leantach | Daingniú | Bainte amach i bpáirt mar a bhí pleanáilte in 2021: an clár riosca feabhsaithe tuilleadh tar éis iniúchadh inmheánach in 2020. |
| 9h: Leanúint le hathbhreithniú rialta ar ghníomhaíochtaí airgeadais a dheimhniú ar aon dul le barrchleachtas | Leantach | Leantach | Bainte amach mar a bhí pleanáilte i 2021. |

Seo a leanas achoimre ar na príomh-aschuir taighde a baineadh amach in 2021 faoi shnáitheanna chlár oibre an FTO. Tá tuilleadh eolais ar gach ceann de na staidéir seo ar fáil ar https://www.erc.ie/programme-of-work.

**Measúnuithe idirnáisiúnta**

- Fuair na scoileanna a ghlac páirt in TIMSS 2019 aiseolas achomair agus faisnéis eolais/bróisiúr inar cuireadh i láthair príomhthorthaí na hÉireann ón staidéar.
- Le linn 2021 leanadh le hobair ar anailís agus scríobh tuarascálacha leantacha d'Éirinn ag díriú ar shonraí comhthéacsúla (ceistneoir) TIMSS 2019 agus anailísí ar leibhéal na míreanna. Bhí sé beartaithe ar dtús an obair seo a thabhairt chun críche in 2021 ach cuireadh moill uirthi toisc gan ach creatfhoireann a bheith ar fáil.
- Cuireadh tús le triail allamuigh TIMSS 2023, a bhí le tarlú in Earrach 2022, i R3 2021. Tharla forbairt agus nuashonruithe ar mhíreanna ar chreat TIMSS níos luaithe in 2021. Is le TIMSS 2023 a tharla an t-aistriú in Éirinn ó mheasúnú páipéarbhunaithe go measúnú digiteach, rud a d'éiligh socruithe riaracháin i bhfad níos casta agus soláthar ríomhairí glúine agus tacaíocht theicniúil do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna rannpháirteacha.
- Tharla ullmhúchán in 2021 do phríomhstaidéar PISA 2022 – a bhí le tarlú san fhómhar seachas san earrach don chéad uair in Éirinn. Tharla an t-aistriú seo go tástáil an fhómhair mar thoradh ar thuarascáil staidéir féidearthachta a cuireadh faoi bhráid na Roinne in 2020 agus a aontaíodh leis an Roinn agus leis an ECFE.
- Tugadh roinnt cur i láthair comhdhála (liostaithe thíos) ag úsáid sonraí PISA 2020, agus foilsíodh páipéar san Irish Journal of Education inar úsáideadh sonraí bainteach le PISA 2015.
- Cuireadh príomhstaidéar PIRLS 2021 i bhfeidhm go rathúil san Fhómhar 2021 (a bhí le tarlú ar dtús do thástáil an Earraigh, mar a tharlaíonn de ghnáth, ach b'éigean é seo a athsceidealú mar thoradh ar dhúnadh scoileanna). Mar thoradh ar an athrú seo ar nósanna imeachta riaracháin, a tharla go déanach, aistríodh an staidéar ar ais ó riarachán digiteach go páipéar. In ainneoin na ndúshlán, rinne an FTO na sonraí a bhailiú agus a phróiseáil, rinne an FTO códú agus dearbhú cáilíochta orthu agus ghlac an IEA leo. Táthar ag diriú anois ar anailís agus tuairisciú, a gcuirfear tús leis in 2022.
- Le linn 2021, leanadh leis an obair ar anailís agus ar scríobh tuairisce leantaí deiridh d'Éirinn ar PIRLS 2016. Cuireadh moill ar an obair seo mar gheall ar éilimh PIRLS 2021 (arna riaradh ag an bhfoireann tionscadail chéanna) ach tá ag tarlú anois do R3 2022.
- Lean an FTO mar ionadaí na hÉireann ar Bhord na dTíortha Rannpháirteacha ar Chlár an ECFE um Measúnú Idirnáisiúnta ar Inniúlachtaí Aosach (PIAAC) agus an staidéar allamuigh á chur i bhfeidhm ag an bPríomh-Oifig Staidrimh.

**Measúnuithe náisiúnta**

- Is é NAMER 2021 an naoú atriall de mheasúnú náisiúnta na hÉireann, agus bhí roinnt gnéithe nuálacha san áireamh ann. Don chéad uair, rinneadh ró-shampláil ar scoileanna DEIS Uirbeach Banda 1 agus Banda 2 (seachas scoileanna tuaithe) chun measúnú níos láidre a dhéanamh ar thorthaí DEIS trí NAMER. Ina theannta sin, tá na modheolaíochtaí scálaithe atá beartaithe do NAMER 2021 níos casta ná mar a bhí i dtimthriallta roimhe seo, lena n-áirítear luachanna sochreidte ar thorthaí gnóthachtála a ghiniúint.
- Cuireadh an staidéar ar athló ó 2020 mar thoradh ar phaindéim Covid ach cuireadh i bhfeidhm go rathúil é in 2021. Bhí gá le roinnt coigeartuithe ar dhearadh an staidéir chun an t-ualach ar scoileanna agus ar dhaltaí ag am dúshlánach a laghdú – áirítear leis seo, mar shampla, gan ach triail amháin a riar (matamaitic nó léitheoireacht) seachas an dá cheann a riar ag gach grád (Rang a Dó agus Rang a Sé). Rinneadh coigeartuithe agus breisithe freisin ar cheistneoirí comhthéacsúla NAMER.

- D’eascair rátaí arda freagartha ón staidéar, ardchaighdeán próiseála agus códaithe sonraí, agus bunú leaganacha príomhstaidéir ardchaighdeáin d'ábhair agus nósanna imeachta.
- Tá uirlis scálú shaincheaptha forbartha le húsáid le sonraí NAMER 2021, mar aon le hoiliúint fhairsing i bhforbairt tástálacha lárnacha agus i gcoincheapa próiseála sonraí don fhoireann atá bainteach le NAMER agus DEIS. Féadfar an uirlis seo a oiriúnú le húsáid le tacair shonraí eile amach anseo.

**Forbairt, caighdeánú agus tacaíocht trialacha**

- San Earrach 2021, seoladh ardán nua ERC DOTS (Córas Tástála Ar Líne Dhroim Conrach) chun tástálacha ar líne a sheachadadh, tar éis tréimhse forbartha agus tástála an-rathúil agus an-dian. Cuireadh tús le forbairt an ardáin nua in 2020 tar éis Prodigy Learning a cheapadh ag deireadh an phróisis soláthair.
- Cuireadh srian ar an Tástáil um Ghlacadh Úsáideora (UAT) a bhí pleanáilte do R1 2021 nuair a dúnadh scoileanna le linn na paindéime, rud a d’fhág go mb’éigean pleananna dul amach chuig scoileanna chun an t-ardán nua a thástáil i dtimpeallacht bheo a chur ar ceal. Mar sin féin, rinne foireann an FTO mionsonraithe UAT agus líon beag seisiún inscoile a reachtáil.
- Riaradh trialacha caighdeánaithe ar ERC DOTS den chéad uair in Earrach 2021, an chéad ócáid ó 2019 a ndearnadh riarachán mór trialacha caighdeánaithe tar éis cealú na tástála in 2020. Bhí fáil ar fhoireann tacaíochta tiomnaithe chun cúnamh gutháin agus ríomhphoist a sholáthar do scoileanna maidir le húsáid DOTS agus trialacha a riar ar líne le linn na tréimhse seo. Reáchtáladh seimineár gréasáin beo chun eolas a sholáthar do scoileanna agus deis a thabhairt dóibh ceisteanna a chur. Rinneadh an seimineár gréasáin seo a thaifead agus cuireadh ar fáil é do scoileanna ina dhiaidh sin mar acmhainn úsáideach.
- Bhí Roinn Tástála an FTO, a láimhseálann orduithe na dtástálacha páipéir agus na n-ábhar gaolmhar, an-ghnóthach ag an am seo freisin toisc gur atosaíodh trialacha caighdeánaithe. Rinne an Roinn Tástála a gcatalóg agus a mbróisiúr tástála, a cuireadh ar fáil ar láithreán gréasáin faisnéis tástála an FTO (https://www.tests.erc.ie), a athbhreithniú agus a nuashonrú freisin. Díreoidh obair fhorbartha amach anseo ar an bhfoirm ordaithe do thástálacha páipéir a chomhtháthú le ERC DOTS chun próisis riaracháin agus iniúchta an FTO a chuíchóiriú.
- Rinneadh an tástáil PPAD-E nua, a seoladh in 2020, a chomhtháthú leis na hábhair faisnéise atá ar fáil ar bhróisiúr na Roinne Tástála agus ar láithreán gréasáin an FTO. Rinne an SNSO, i gcomhar leis an FTO, sraith de seimineár gréasáin a reáchtáil chun bolscaireacht a dhéanamh ar an tástáil. Léirigh iar-bhunscoileanna an-suim ar fad in úsáid PPAD-E, a ainmníodh freisin do Ghradam Sármhaitheas agus Nuálaíochta na Státseirbhíse.
- In 2021, eisíodh an leagan is déanaí de bhogearraí scórála FTO do scoileanna a bhfuil trialacha páipéarbhunaithe á riar acu.

**Meastóireacht clár**

- DEIS: Le blianta fada tá snáithe oibre ag an FTO atá dírithe ar thuiscint níos fearr a fháil ar thionchar an mhíbhuntáiste oideachais agus an chaoi a d’fhéadfaí a thionchair a mhaolú trí thacaíochtaí scoilbhunaithe a sholáthar. Le blianta beaga anuas, dhírigh obair an FTO sa réimse seo go príomha ar mhonatóireacht a dhéanamh ar thorthaí an chláir DEIS mar aon le bheith ag obair leis an Roinn Oideachais chun an próiseas aitheantais trína roghnaítear scoileanna do DEIS a nuashonrú. In 2021, d’fhoilsigh foireann DEIS tuarascáil inar úsáideadh sonraí ceistneora PISA 2018 chun cur síos a dhéanamh ar chomhthéacsanna baile agus scoile daltaí i scoileanna DEIS, mar aon le gnéithe dá bhfolláine. In 2021, chríochnaigh an fhoireann tuarascálacha freisin ar dhearcthaí scoláirí, meantóirí agus comhpháirtithe tionscail ar rannpháirtíocht i P-TECH i dtrí scoil lárchathrach in Oirthuaisceart Bhaile Átha Cliath. In 2021, tharla obair ollmhór ar shamhail aitheantais scagtha DEIS. Chuir an FTO an tsamhail i

bhfeidhm ag baint úsáide as sonraí don scoilbhliain 2020/2021 ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal araon chun an tsamhail a bheachtú agus a bhailíochtú.

- Meastóireacht ar an gcreat um Fhoghlaim Ghairmiúil Múinteoirí (FGM/TPL): Foilsíodh dara tuarascáil ar fhorbairt creata meastóireachta an FGM seo in 2021, ina ndearnadh cur síos ar thorthaí suirbhé ar mhúinteoirí agus ar phríomhoidí i mbunscoileanna, in iar-bhunscoileanna agus i scoileanna speisialta (foilsíodh an chéad tuarascáil in 2020). Tháinig deireadh le bailiú sonraí do Chéim 3 den tionscadal, a chuimsigh comhairliúchán le leanaí agus daoine óga agus soláthraithe FGM. Déanfar cur síos ar thorthaí na gcomhairliúchán seo i dtuarascálacha atá le teacht agus cruthóidh siad bonn eolais d'fhorbairt an chreata. Tá ceithre chéim sa staidéar agus é mar chuspóir foriomlán creat tuairisciúil agus meastóireachta a bhunú le haghaidh FGM in Éirinn, le 'folláine' mar chomhthéacs don chreat atá á meas faoi láthair.
- Meastóireacht ar an gCreat Foghlama Digiteach (CFD): Is staidéar fadtéarmach modhanna measctha é seo a chomhcheanglaíonn suirbhéanna agus fócasghrúpaí/agallaimh. Tá sé á riar ag FTO le tacaíocht ó fhoireann Teicneolaíocht Dhigiteach an SFGM. Foilsíodh tuarascáil bhonnlíne ag deireadh 2019. In 2020, toisc an phaindéim, phléigh agus chomhaontaigh an FTO athscóipeáil an staidéir chun trí seachas ceithre thonn bailithe sonraí a áireamh. Tháinig an chéad bhabhta bailithe sonraí (bliain ar aghaidh ón mbunlíne) chun críche in 2020 agus foilsíodh tuarascáil ar Thonn 1 in 2021. Ullmhaíodh, agus seoladh chuig scoileanna rannpháirteacha, grafaic eolais a thugann gearrchuntas ar na príomhthorthaí. Tá tuarascáil deiridh beartaithe do 2022, tar éis babhta eile bailithe sonraí.
- Meastóireacht ar an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta (SAG): Tagann an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta as Polasaí don Oideachas Gaeltachta (ROS, 2016) na Roinne Oideachais agus Scileanna 2017-2022, a eascraíonn ó Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 an Rialtais (Rialtas na hÉireann, 2010). Bhí an staidéar le leanúint go deireadh 2022 ach leathnaíodh é go 2024. Staidéar fadaimseartha é seo ina n-úsáidtear modhanna measctha (ceistneoirí suirbhé, uirlisí tástála, agus cás-staidéir) chun sonraí a bhailiú ó scoileanna, scoláirí agus tuismitheoirí rannpháirteacha. Is éard a bhí i gceist leis an staidéar seo ná dhá thriail nua trí mheán na Gaeilge a fhorbairt: triail éisteachta do Rang a Sé i scoileanna Gaeltachta a scálaíodh i R4 2021, agus triail luathlitearthachta do na Naíonáin Shinsearacha atá noirm-chaighdeánaithe do scoileanna Gaeltachta.

**Tacaíocht d'anailís sonraí**

- Leanadh leis an obair in 2021 maidir leis an tsamhail um leithdháileadh acmhainní oideachais speisialta thar ceann na Roinne.

**Taighde neamhspleách**

- Leanadh le linn 2021 leis an dul chun cinn a bhí á dhéanamh ag roinnt iarrthóirí PhD san Fhoras lena dtaighde i dtrí réimse a bhaineann le measúnú. Áiritear leo seo anailís ar dhifríochtaí i ngnóthachtáil agus rannpháirtíocht scoláirí san earrach agus san fhómhar ar thástáil PISA (bainteach leis an aistriú chuig tástáil an fhómhair atá luaite thuas), agus anailís ar scileanna tátail trí shamhail chognaíoch a chur i bhfeidhm ar shonraí measúnaithe náisiúnta mórscála ar léamhthuiscint.
- D'fhoilsigh an fhoireann a bhí ag obair ar NAMER sraith páipéar bainteach le hiniúchadh ar athruithe ar éagothroime oideachais agus iad ag baint úsáide as sonraí NAMER agus TIMSS. Tá siad seo liostaithe thíos.
- Rinneadh an Irish Journal of Education a athdhearadh agus a fhoilsiú ar líne amháin agus fáil go hoscailte air don chéad uair riamh. Rinneadh láithreán gréasáin an FTO a nuashonrú freisin chun an t-athrú seo a léiriú (hipearnasc https://www.erc.ie/ije). Foilsíodh cúig pháipéar sa chéad imleabhar seo den *IJE* athchóirithe, lena n-áirítear roinnt alt ó fhoireann

an FTO mar aon le hailt sheachtracha. Is iad na hábhair a clúdaíodh ná: éagothroime oideachais i mbunscoileanna i mblianta tosaigh na Straitéise Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta; spreagadh foghlama agus neamhspleáchas an fhoghlaimeora i measc mac léinn ollscoile BTB; dearcthaí scoláirí i leith TFC agus feidhmíocht ar eolaíocht PISA; athbhreithniú ar pholasaí agus ar shonraí measúnaithe ar mhórscála a bhaineann le hardghnóthachtáil sa mhatamaitic agus san eolaíocht; agus anailís ar éilimh chognaíocha na hArdteistiméireachta.

- Aithníodh roinnt deiseanna breise le haghaidh anailíse tánaisteacha luachmhara ar thacair sonraí atá ar fáil cheana agus cuireadh tús le hobair, lena n-áirítear (ach gan a bheith teoranta do): monatóireacht a dhéanamh ar athruithe in úsáid TFC i scoileanna ag baint úsáide as sonraí NAMER, PISA, agus PIRLS; anailís mhionsonraithe ag mír-leibhéal ar mhíthuiscintí matamaitice agus eolaíochta mar a bhaineann le curaclam na hÉireann ag baint úsáide as sonraí TIMSS; iniúchadh ar athruithe éagothroime oideachais ag baint úsáide as sonraí NAMER agus TIMSS; feidhmíocht na hArdteistiméireachta a iniúchadh mar a bhaineann le rannpháirtíocht na hIdirbhliana; agus tionscadail eile. Bhí dul chun cinn leanúnach ar na snáitheanna taighde neamhspleácha seo mall, áfach, agus bhí sé deacair coimeád leo toisc na héilimh iomaíocha riaracháin agus tionscadail atá ar an bhfoireann. Léiríonn sé seo tearcúsáid na bhfoinsí sonraí seo agus scileanna foirne taighde an FTO, agus léiríonn sé deischostas suntasach a bhaineann le méid oibre reatha san FTO i gcomparáid le leibhéil foirne agus acmhainní. Dá gcríochnófaí na staidéir thaighde anailíse tánaisteacha seo agus dá leanfaí ag aithint deiseanna taighde tánaisteacha, chuirfí faisnéis luachmhar ar fáil don Roinn Oideachais, do pháirtithe leasmhara oideachais eile, agus don litríocht taighde oideachais níos leithne.

## Foilseacháin, Comhdhálacha agus Cuir i Láthair, Trialacha 2021

Tá roinnt mhaith de na foilseacháin seo ar fáil le híoslódáil ag https://www.erc.ie/2021/06/30/publications-2021

**Tuarascálacha**

- Feerick, E., Cosgrove, J., Moran, E. (2021). *Digital Learning Framework (DLF) national evaluation: One year on – Wave 1 Report.* Baile Átha Cliath: An Foras Taighde ar Oideachas.
- Nelis, S.M., Gilleece, L., Fitzgerald, C., & Cosgrove, J. (2021). *Beyond achievement: Home, school and wellbeing findings from PISA 2018 for students in DEIS and non-DEIS schools.* Baile Átha Cliath: An Foras Taighde ar Oideachas.
- Rawdon, C., Gilleece, L., Denner, S., Sampson, K., & Cosgrove, J. (2021). *Developing an evaluation framework for teachers' professional learning in Ireland: Phase 2 Survey of teachers and principals.* Baile Átha Cliath: An Foras Taighde ar Oideachas.

**Ailt**

- Duggan, A., Karakolidis, A., Kiniry, J., & Shiel, G. (2021). Investigating educational inequality using national assessment data: The early years of the National Literacy and Numeracy Strategy. *InTouch*, *200,* 56–57.
- Gilleece, L. & Delaney, E. (2021). Using data from national and international large-scale assessments in the monitoring and evaluation of DEIS. *Leadership+*, 119, lch. 14.
- Karakolidis, A., Duggan, A., Shiel, G., & Kiniry, J. (2021). Educational inequality in primary schools in Ireland in the early years of the national literacy and numeracy strategy: An analysis of national assessment data. Irish Journal of Education, 44-(1), 1-24.
- Karakolidis, A., Duggan, A., Shiel, G., & Kiniry, J. (2021). Examining educational inequalities: Insights in the context of improved mathematics performance on national and international assessments at primary level in Ireland. *Large-Scale Assessments in Education*, *9*(1), 5.
- Marron, S., Murphy, F., Pitsia, V., Scheuer, C. (2021). Inclusion in Physical Education in primary schools in Europe through the lens of an Erasmus+ partnership. *Education,* 3-13. https://doi.org/10.1080/03004279.2021.2002382
- McAteer, S., O'Keefe, L., McKeown, C., Shiel, G., & Cosgrove, J. (2021). Students' access to technology, attitudes to ICT, and their performance on PISA 2015 science in Ireland. *Irish Journal of Education*, *44* (3), 1-31.
- Pitsia, V. & Lysaght, L. (2021). High achievement in mathematics and science: A chronology of relevant educational policy and findings from large-scale assessments in Ireland, 1995 to the present day. *Irish Journal of Education, 44* (4), 1-20.

**Cuir i Láthair ag Comhdhálacha/Cuirí chuig Ceardlanna nó Seimineáir**

- Gilleece, L. (2021, 24 March). *Educational disadvantage and Ireland's policy response* [Cuireadh cur i láthair]. An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (ar líne).
- Gilleece, L., Cosgrove, J., & McHugh, G. (2021, 6-10 Meán Fómhair). *Using PISA 2018 data to validate school-based measures of educational disadvantage in Ireland* [Cur i láthair Comhdhála]. ECER 2021, An Ghinéiv (ar líne).
- Karakolidis, A., Duggan, A., Kiniry, J., & Shiel, G. (2021). *Who benefits from improved outcomes in reading literacy in Ireland? An investigation of equality using national and international assessment data.* Páipéar a cuireadh i láthair ag an gcruinniú bliantúil den Association for Educational Assessment (AEA) – Europe. Comhdháil ar líne.
- Karakolidis, A., Duggan, A., Kiniry, J., & Shiel, G. (2021). *Educational inequalities in mathematics: An analysis of national and international assessment data for Ireland.* Páipéar

a cuireadh i láthair ag an 9ú International Association for the Evaluation of Educational Achievement (IEA) International Research Conference (IRC). Dubai, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha.

- Karakolidis, A., Duggan, A., Kiniry, J., & Shiel, G. (2021). *Examining inequalities in reading performance: An analysis of national and international assessment data for Ireland.* Páipéar a cuireadh i láthair ag an British Educational Research Association (BERA) Annual Conference. Comhdháil ar líne.
- Lehane, P., Pitsia, V., & Karakolidis, A. (2021, Samhain). *Exploring primary school teachers' use of assessment data in an Irish context.* Páipéar a cuireadh i láthair ag Cruinniú Bliantúil an Association for Educational Assessment (AEA) – An Eoraip.
- Mazzone, A., Pitsia, V., Karakolidis, A., & O'Higgins Norman, J. (2021, November). *Bullying among teachers and school leaders: Implications for school climate and student learning*. Páipéar a cuireadh i láthair ag an bhFóram Frithbhulaíochta Domhanda.
- Pitsia, V. (2021, November). *Using PISA data to examine high-achieving students' characteristics.* Páipéar a cuireadh i láthair ag Cruinniú Bliantúil an Association for Educational Assessment (AEA) – An Eoraip.
- Shiel, G., McHugh, G., Denner, S., Delaney, M., & McKeown, C. (2021, Meán Fómhair 6-10). *Reading engagement and endorsement of reading strategies among 15-year olds in six countries* [Cur i Láthair Comhdhála]. ECER 2021, An Ghinéiv (ar líne).

**Bogearraí**

- An Foras Taighde ar Oideachas (2021). *Drumcondra Tests Scoring System v.4.2.20078.1642.* Baile Átha Cliath: An Foras Taighde ar Oideachas. Forbartha ag Blue-Fin Software Solutions thar ceann An Foras Taighde ar Oideachas.
- An Foras Taighde ar Oideachas (2021). *ERC DOTS (Córas Tástala Ar Líne Dhroim Conrach).* Baile Átha Cliath: An Foras Taighde ar Oideachas. Forbartha ag Prodigy Learning thar ceann An Foras Taighde ar Oideachas

# Caibidil 3: Rialachas

Cuireann an FTO an obair chun cinn trí Bhord agus Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC) araon.

## Bord Rialachais

Tá Bord de chúig bhall ag an FTO arna gceapadh ag an Aire. Tá folúntas ag an FTO do bhall Boird ó Mheán Fómhair 2018 agus tá sé tugtha le fios don Aire go bhfuiltear ag lorg duine le saineolas airgeadais chun cuidiú leis an mbord le cinnteoireacht ar ghnóthaí airgeadais.

Téarma oifige cúig bliana a bhíonn ag an mBord, ag críochnú a chéad téarma an 4 Iúil 2021. D'éirigh Cathaoirleach an Bhoird, an Doctúir Pauric Travers, as nuair a chuaigh a bhallraíocht in éag. Tá an Roinn Oideachais agus Seirbhísí um Cheapacháin Phoiblí (PAS) ag déileáil le líonadh an phoist. Táthar ag súil go líonfar an post faoi R4 2022. Idir an dá linn, tá an Leas-Chathaoirleach, an Dochtúir Denise Burns, ag feidhmiú mar Chathaoirleach Gníomhach.

Ó 1 Eanáir 2021 go dtí gur éirigh an Cathaoirleach as ar an 4 Iúil bhí ceathrar comhaltaí ar an mBord, triúr fear agus bean amháin (75:25). Ó 5 Iúil go 25 Samhain ní raibh ach triúr comhaltaí Boird, beirt fhear agus bean amháin (67:33). Tar éis comhalta Boird nua a cheapadh, ar an 26 Samhain, bhí an bhallraíocht ag ceathrar arís, beirt fhear agus beirt bhan (50:50).

Léiríonn an tábla thíos tréimhse cheapacháin na gcomhaltaí reatha:

| Comhalta an Bhoird | Ról | Dáta an cheapacháin | Dáta dhul in éag an cheapacháin | Dáta an athcheaptha |
|---|---|---|---|---|
| An Dochtúir Pauric Travers | Cathaoirleach | 05/07/2016 | 04/07/2021 | N/B |
| An Dochtúir Denise Burns | Leas-Chathaoirleach<br>Cathaoirleach Gníomhach | 05/07/2016<br>05/07/2021 | 04/07/2021<br>Dul in éag ar cheapachán an Chathaoirligh nua | 05/07/2021 |
| An tOllamh Michael Martin | Gnáthbhall | 05/07/2016 | 04/07/2021 | 05/07/2021 |
| An tUasal Éamon Ó Muircheartaigh | Gnáthbhall | 05/07/2016 | 04/07/2021 | 05/07/2021 |
| An Dochtúir Sharon Feeney | Gnáthbhall | 26/11/2021 | 25/11/2026 | N/B |

Déanann an Bord freagracht oibríochta laethúil an FTO a tharmligean chuig Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus foireann feidhmiúcháin an FTO.

Faigheann an Bord tuairiscí go rialta ó fhoireann bainistíochta an FTO agus coimeádann an Bord é féin ar an eolas go dáta faoi shaincheisteanna straitéiseacha agus athruithe a mbíonn tionchar acu ar an FTO agus ar an timpeallacht ina bhfeidhmíonn sé.

Cuireann an Bord comhairle agus tacaíocht ar fáil don POF agus don bhainistíocht.
Féachann baill an bhoird chuige go mbíonn siad sásta go bhfuil rialuithe airgeadais agus córais bhainistíochta riosca láidir agus inchosanta ann.

Is faoin mBord atá sé cinneadh a dhéanamh ar na nithe seo leanas:

- éadálacha suntasacha, diúscairtí agus críoch a chur le húsáid sócmhainní an FTO
- infheistíochtaí móra agus tionscadail chaipitil
- leibhéil údaráis tarmligthe, polasaí cistíochta agus polasaithe bainistíochta riosca
- téarmaí do chonarthaí móra a fhaomhadh
- dearbhuithe maidir le comhlíonadh na gceanglas reachtúla agus riaracháin a bhaineann le ceapacháin, líon foirne, grádú agus coinníollacha don fhoireann go léir a fhaomhadh, lena n-áirítear luach saothair agus aoisliúntas
- buiséid bhliantúla agus pleananna corparáideacha a fhaomhadh
- tuarascálacha bliantúla agus ráitis airgeadais a fhaomhadh
- ceapachán, luach saothair agus measúnú ar fheidhmíocht, agus pleanáil chomharbais an POF
- leasuithe suntasacha ar shochair phinsin an POF agus na foirne.

Seo a leanas tinreamh bhaill an Bhoird ag cruinnithe Boird in 2021:

- An Dochtúir Pauric Travers: 3/3
- An Dochtúir Burns: 6/7
- An tOllamh Michael Martin: 7/7
- Éamon Ó Muircheartaigh: 7/7
- An Dochtúir Sharon Feeney: 0/1 (Tháinig deimhniú an cheapacháin ró-dhéanach do chruinniú dheireadh na bliana)

Bíonn an POF agus an Príomhoifigeach Cúnta, a bhí ina Rúnaí ar an mBord go dtí mí na Nollag 2021, i láthair ag cruinnithe an Bhoird. Tar éis post Príomhoifigeach a cheadú agus a cheapadh ina dhiaidh sin i mí Mheán Fómhair 2021, d'fhreastail an PO ar chruinnithe an Bhoird freisin agus ceapadh é mar Rúnaí an Bhoird ó mhí na Nollag 2021 ar aghaidh. Tagann baill foirne eile chuig cruinnithe de réir mar is cuí. Tionóltar cruinniú den Bhord ar a laghad faoi dhó sa bhliain gan baill foirne an FTO a bheith i láthair. Bíonn baill an bhoird i dteagmháil lena chéile idir cruinnithe de réir mar is gá.

Foilsítear miontuairiscí ó chruinnithe an Bhoird ar láithreán gréasáin an FTO (https://www.erc.ie). Baintear aon fhaisnéis atá íogair ó thaobh tráchtála agus aon ábhair phearsanta ó mhiontuairiscí Bhord an FTO sula bhfoilsítear iad.

Tá údarás ag an mBord an fhaisnéis atá de dhíth air a éileamh ón FTO ionas gur féidir leis a dhualgais a chomhlíonadh. Tá sé údaraithe dó comhairle dlí agus ghairmiúil eile a fháil, ar chostas an FTO, má mheasann Comhaltaí an Bhoird gur gá a leithéid a dhéanamh chun a fhreagrachtaí a chomhlíonadh.

Déanann an Bord dícheall an tAire Oideachais a choimeád ar an eolas faoi ghnóthaí a thagann chun cinn laistigh den FTO.

Tá an Bord ag leanúint le Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 a chur i bhfeidhm agus tuairiscíonn sé go rialta dá mháthair-Roinn, an Roinn Oideachais (RO). Rinne an FTO athbhreithniú ar a leibhéal comhlíonta leis an gCód Chleachtais i R4 2020 trí dhoiciméad a eisiúint ina ndearnadh aon díolúintí nó céimniú isteach ar riachtanas áirithe a liostáil. Táthar ag súil athbhreithniú seachtrach a fháil ar a chomhlíonadh leis an gCód Cleachtais faoi R4 2022 nó R1 2023.

## An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Ó bunaíodh é i mí na Bealtaine 2017, agus an tUasal Éamon Ó Muircheartaigh mar Chathaoirleach, tá na córais um rialú inmheánach, iniúchadh seachtrach agus inmheánach, bainistíocht riosca agus rialú airgeadais á athbhreithniú ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca (ARC).

Tá sé de dhualgas ar an ARC eolas a sholáthar don údarás ceithre huaire sa bhliain ar a laghad. Bhí cúig chruinniú ag an ARC in 2021. Tá comhaltaí uile an Bhoird mar aon le comhalta breise, a bhfuil saineolas rialachais aige, mar bhallraíocht an Choiste.

Léiríonn an tábla thíos tréimhse cheapacháin na gcomhaltaí reatha:

| **Ball ARC** | **Ról** | **Dáta an cheapacháin** | **Dáta dhul in éag an cheapacháin** | **Dáta an athcheaptha** |
|---|---|---|---|---|
| An tUasal Éamon Ó Muircheartaigh | Cathaoirleach | 05/07/2017 | 05/09/2021 | 05/09/2021 |
| An tUasal Ray Mooney | Leas-Chathaoirleach | 14/11/2019 | 21/10/2025 | |
| An tOllamh Michael Martin | Gnáthbhall | 05/07/2017 | 05/09/2021 | 05/09/2021 |
| An Dochtúir Denise Burns | Gnáthbhall | 05/07/2017 | 05/09/2021 | 05/09/2021 |
| An Dochtúir Pauric Travers | Gnáthbhall | 05/07/2017 | 05/09/2021 | N/B |

Seo a leanas tinreamh ag cruinnithe ARC:

- Éamon Ó Muircheartaigh: 4/4
- An Dochtúir Denise Burns: 4/5
- An Dochtúir Pauric Travers: 2/2
- An tOllamh Michael Martin: 5/5
- An tUasal Ray Mooney: 5/5.

In 2021, lean an ARC leis an obair chun próisis inmheánacha bainistíochta riosca an FTO a fheabhsú. Eisíodh an fonn riosca agus dréachtpholasaí riosca chuig an ARC le haghaidh athbhreithnithe ach

cuireadh stop le tuilleadh oibre go dtí gur ceapadh Príomhoifigeach Riosca (POR), ról a bhaineann le post an Phríomhoifigigh a ceapadh i mí Mheán Fómhair 2021. I mí na Nollag 2021, deimhníodh ceapachán an PO mar POR agus leanfar den obair ar phróisis bhainistíochta riosca in 2022. Chuimsigh an clár iniúchta inmheánaigh don bhliain athbhreithnithe ar Rialuithe Inmheánacha Airgeadais (Athbhreithniú ar an Timthriall Íocaíochta), Comhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta ar Chosaint Sonraí agus Cur i bhFeidhm an Chéad Phlean Straitéisigh. Rinne an ARC athbhreithniú ar na torthaí agus déanfar iad a bhreithniú in aon nuashonrú ar pholasaí agus ar phróisis.

Leanann an ARC le cosaint sonraí a bheith mar chroí-mhír dá chruinnithe.

## Rialachas – éachtaí i 2021 agus tosaíochtaí i 2022

Áirítear i measc na bpríomh-éachtaí a ndearna an Bord agus ARC maoirseacht orthu i 2021:

- Críochnaíodh trí iniúchadh inmheánacha don Bhliain Airgeadais 2021.
- Cuireadh le chéile na sonraí pinsin a bhí ar fáil agus chuir soláthraí seachtrach ráitis phinsin ar fáil d'fhoireann an FTO atá ar an Scéim Aonair.
- Tar éis comhaontaithe i bprionsabal in 2020 ar na míreanna ardleibhéil atá le cur san áireamh sa Chomhaontú Seirbhíse le OCBÁC, rinneadh dul chun cinn leis an obair agus táthar ag súil le comhaontú léasa críochnaithe in 2022.
- Ghlac an FTO cúram ar íocaíocht a phinsin ó Eanáir 2021 agus deimhníodh na socruithe maidir le maoinithe do phinsin an FTO ó 2022 ar aghaidh.
- Lean an FTO de bheith ag obair go cianda mar thoradh ar Covid-19, agus rinneadh a Phrótacal Covid-19, ráitis sábháilteachta, measúnuithe riosca agus plean freagartha a nuashonrú go rialta de réir treoirlínte athraitheacha.
- Feachtais earcaíochta reáchtáilte (go cianda) do roinnt post lena n-áirítear Cúntóirí Taighde, Cúntóirí Taighde le líofacht Ghaeilge, Comhlaigh Taighde, Príomhoifigeach agus Ardoifigeach Feidhmiúcháin don Roinn Tástála (cuireadh an dara ceann i gcrích i R1 2022).
- Roinnt de bhallraíocht an Bhoird agus ARC athcheaptha.
- Forbairt roinnt próiseas agus polasaí riosca sular ceapadh an Príomhoifigeach Riosca.
- Nuashonruithe suntasacha ar ghnóthaí a bhaineann le haistriú láthair tógála na roinne tástála agus comhaontú i bprionsabal idir an dá pháirtí.
- Athbhreithniú cuimsitheach agus roinnt uasghráduithe ar bhonneagar TF agus rialachas TF an FTO críochnaithe.
- Roinnt cleachtaí soláthair lena n-áirítear an tairiscint le haghaidh seirbhísí priontála.
- Athbhreithniú agus nuashonrú ar phróisis chumarsáide corparáidí an FTO (m.sh. córas gutháin, comharthaíocht agus páipéarachas ceannchlóite) tar éis don FTO dearbhú a fháil i R3 2020 go bhfuil an FTO anois ar cheann de na comhlachtaí a thagann faoi bhrat Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (Comhlachtaí Poiblí) Rialacháin 2019 (S.I. Uimh. 230 de 2020).

Tá na tosaíochtaí seo a leanas aitheanta ag an mBord do 2022:

- Tosaíocht an-ard is ea Cathaoirleach nua a cheapadh ar an mBord agus leanfaidh an FTO ag lorg nuashonruithe rialta óna mháthair-Roinn.
- Foilsiú an Phlean Straitéisigh nua (2022/2024) le bheith curtha i gcrích faoin 30 Aibreán 2022.
- Próisis agus beartais riosca a thabhairt chun críche tar éis ceapadh an Phríomhoifigigh Riosca. Áirítear leis seo ardán bainistíochta riosca rollú amach céimneach chun rochtain níos fearr a cheadú ar an bhfaisnéis is déanaí.
- Comhaontú seirbhíse fadtéarmach le OCBÁC a chríochnú.
- Críoch a chur le haistriú ó fhoirgneamh na Roinne Tástála chuig an FTO.

- Tuilleadh uasghráduithe ar bhonneagar TF agus ar rialachas TF an FTO, lena n-áirítear rollú amach céimneach polasaithe TF cothrom le dáta.
- Athbhreithniú ar thorthaí gach iniúchta inmheánaigh agus sheachtraigh agus nuashonruithe ar pholasaithe agus ar phróisis de réir mar is gá. Áirítear leis na hiniúchtaí seachtracha atá pleanáilte do 2022 athbhreithniú ar Rialuithe Airgeadais Inmheánacha, Soláthar agus TF. Nuair is féidir, déanfar athbhreithniú freisin ar chomhlíonadh Cód Cleachtais 2016 ag an FTO i R4 2022 nó R1 2023.
- Tá gá le roinnt cleachtaí soláthair in 2022, lena n-áirítear soláthar ríomhairí glúine ar cíos agus tacaíocht theicniúil TF, soláthar seirbhísí tacaíochta chun éifeachtúlacht níos fearr agus comhlíonadh oibleagáidí soláthair phoiblí a chinntiú, athbhreithniú ar phlean fórsa oibre a sholáthar agus seirbhísí um thacaíocht straitéise a thógáil.
- Ag brath ar thosaíochtaí an RO, tá críochnú an Athbhreithnithe Criticiúil le tarlú in 2021.
- An reachtaíocht um rialachas Sonraí a chur i bhfeidhm.
- An tAcht um Fheasacht ar Mhíchumas a chur i bhfeidhm agus oiliúint foirne a rollú amach.
- Buiséid ón RO a fhaomhadh chun tuilleadh feabhsuithe ar sheirbhísí Gaeilge an FTO a cheadú, go háirithe mar a bhaineann le measúnú.
- Athbhreithniú ar phraghsáil tástálalacha ar líne agus tástálacha páipéir.
- Athbhreithniú ar pholasaithe reatha agus cur chuige comhsheasmhach i leith scríobh polasaí a chur i bhfeidhm.

## Ráiteas Airgeadais 2021 agus nochtadh ábhartha

Tá staid airgeadais an FTO mar a nochtar inár gcuntais bhliantúla 2021, iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste in 2021. Dréachtaíodh na cuntais ag:

HSM Ashbourne
Cuntasóirí Cairte
2A Cúirt Chill Dhéagláin
Cill Dhéagláin
Co na Mí
Éire

agus iniúchta ag

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
3A Sráid an Mhéara Uachtarach
Áth Cliath 1,
D01PF72

Leanann blianta cuntasaíochta an FTO blianta féilire.

D'eisigh an FTO dréacht-chuntais neamh-iniúchta chuig a phríomhroinn, an Roinn Oideachais i R1 2022 roimh iniúchadh ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Foilseoidh an FTO a thuarascáil bhliantúil ar a láithreán gréasáin tar éis don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste an t-iniúchadh ar a ráitis airgeadais a chríochnú.

Féadann an FTO a dhearbhú go gcomhlíonann sé:

- A dhualgais faoin dlí cánach
- Na gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí
- Polasaí taistil an Rialtais.

Tá próisis curtha i bhfeidhm ag an mBord chun córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a dheimhniú. Is eagraíocht bheag í an FTO agus níl sé d'acmhainn aici a hiniúchtaí inmheánacha féin a dhéanamh. Dá bhrí sin, is soláthraithe seachtracha tríú páirtí a dhéanann iad sin. Bíonn an FTO ag nuashonrú a phróisis go leanúnach chun a shainriachtanais a shásamh[6].

[6] I gcás nár nuashonraíodh próisis agus beartais go fóill chun freastal ar shainriachtanais an FTO, ba chóir na polasaithe a bhaineann le Coláiste Phádraig agus leis an FTO roimh Mheán Fómhair 2015 a úsáid chun an cuspóir seo a chomhlíonadh.

## Nochtuithe Airgeadais

(Tá na figiúirí go léir a luaitear thíos san áireamh i roinnt ceannteideal ar na ráitis airgeadais.)

Cé nach aonán tráchtála é an FTO, díolann a roinn tástála trialacha caighdeánaithe le scoileanna. Ní raibh aon fhorbairtí suntasacha ó thaobh tráchtála a rinne difear don FTO in 2021.

### 1. SONRAÍ CAITEACHAIS MAIDIR LE TÁILLÍ COMHAIRLIÚCHÁIN/COMHAIRLEORA SEACHTRACH

| | |
|---|---:|
| Táillí dlí | 84,585.55 |
| Cuntasaíocht | 5,285.00 |
| Táillí gairmiúla (Dearadh Grafach) | 32,415.18 |
| Comhairleacht (Iniúchadh TF & Achtúireach) | 345,522.94 |
| **Iomlán:** | **467,808.67** |

### 2. SONRAÍ na mBILLÍ TUARASTAIL

Déantar treoirlínte pá an Rialtais maidir le pá an POF agus fostaithe an FTO a chomhlíonadh.
Costais iomlán an phárolla do 2021: €2,431,589

Foireann an FTO: €2,287,834
Foireann ócáideach an FTO d'obair thionscadail: €143,755

Sonraí líon na bhfostaithe ar tháinig a sochar iomlán fostaithe (gan costais phinsin fostóra san áireamh) **don tréimhse tuairiscithe** laistigh de gach banda pá de €10,000 ó €60,000 nó níos mó.

| **BANDA PÁ** | Líon iomlán na bhfostaithe a bhfuil a sochair don **12 mhí** laistigh den bhanda pá |
|---|:---:|
| 60,001 - 70,000 | 2 |
| 70,001 - 80,000 | 4 |
| 80,001 - 90,000 | 1 |
| 90,000 - 100,000 | - |
| 100,001 - 110,000 | - |
| 110,001 - 120,000 | - |
| 120,001 - 130,000 | 1 |

Rinneadh ranníocaíochtaí pinsin do bhaill foirne na scéimeanna Pinsin Aonair. Don tréimhse 12 mhí is é an t-iomlán ná € 50,822.87 agus clúdaíonn sé seo 27 ball foirne. Faoi láthair clúdaíonn an Scéim 42 ball FTO. Rinneadh gach ranníocaíocht leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Baineadh ranníocaíochtaí pinsin de bhaill foirne atá i Scéim Pinsean Choláiste Phádraig. Ní raibh na ranníocaíochtaí san áireamh sa bhuiséad pá, áfach, agus ní íoctar an t-airgead isteach i gciste ar leith. Tá Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (OCBÁC) freagrach as pinsin a íoc (lena n-áirítear cnapshuimeanna a íoc) le linn ré an chomhaontaithe aistrithe a chuaigh in éag i mí Mheán Fómhair 2018. Bhí socruithe eatramhacha i bhfeidhm i 2020 agus beidh a chuid pinsean féin á bhainistiú ag an FTO ó mhí Eanáir 2021.

## 3. SONRAÍ AN CHÚITIMH LE PRÍOMHBHAILL BAINISTÍOCHTA

- Ní bhfuair aon bhall den Bhord táillí Boird.
- Bíonn an tOllamh Michael Martin atá ina chónaí i SAM i láthair ag cruinnithe Boird agus ARC trí fhíschomhdháil chianda. In 2021 tionóladh gach cruinniú den Bhord agus den ARC go cianda.
- Ní dhearnadh aon íocaíochtaí le comhaltaí Boird nó ARC as obair nach mbaineann lena gcuid oibre mar chomhalta de Bhord Rialaithe an FTO.
- Ba é pacáiste luach saothair an POF ná €125,068. Fuair an POF costais dearbhaithe de €1,006.00 freisin bainteach le taisteal náisiúnta agus idirnáisiúnta.
- Fuair Comhaltaí Taighde agus Riarthóir Sinsearach íocaíocht iomlán de €1,860.12 do chostais bainteach le taisteal náisiúnta agus idirnáisiúnta mar aon le caiteachais do thionscadail éagsúla agus bainteach leis an oifig. Tá an figiúr seo san áireamh sna costais taisteal agus cothabhála atá luaite thíos.
- Sochair iarfhostaíochta:
  - Rinneadh íocaíocht cnapshuime pinsin le ball foirne a bhí ag dul ar scor i bhFeabhra 2021, tá a luach san áireamh sa chaiteachas a bhaineann le pá. Rinne an FTO íocaíochtaí míosúla pinsin le ball foirne amháin, agus leanann OCBÁC de phinsin eile a íoc a bhí ann roimh 2021.
  - Níor eisíodh aon chnapshuim pinsin amháin d’fhoireann FTO i 2020 agus is OCBÁC a rinne na híocaíochtaí pinsin míosúla.
  - Níor deonaíodh aon bhlianta breise ar mhaithe le pinsean ná ní raibh cás scoir ann gan gnáth laghduithe achtúireacha.

## 4. TAISTEAL AGUS COTHABHÁIL

| | | |
|---|---|---|
| **Tionscadal ábhartha:** | | |
| Taisteal náisiúnta: | € | Náid |
| Taisteal idirnáisiúnta: | € | Náid |
| **Neamh-tionscadal ábhartha:** | | |
| Náisiúnta: | € | 4.00 |
| Idirnáisiúnta: | € | 1,006.06 |
| Iomlán: | € | 1,010.06 |

## 5. FÁILTEACHAS

| | | |
|---|---|---|
| Caiteachas iomlán ar fháilteachas don 12 mhí: | € | 618.98 |
| Lena n-áirítear: | | |
| • Lónadóireacht d’imeachtaí FTO agus costais a bhain le hoiliúint foirne: | € | Náid |
| • Lónadóireacht do chruinnithe: | € | 618.98 |

## 6. TFC

| | | |
|---|---|---|
| **Tionscadal ábhartha:** | | |
| Crua-earraí: | € | Náid |

| | | |
|---|---|---|
| Clár ar líne: | € | Náid |
| Riaradh Suirbhéanna agus Tacaíocht Theicniúil: | € | Náid |

**Neamh-tionscadal ábhartha:**

| | | |
|---|---|---|
| Crua-earraí: | € | 38,516.19 |
| Bogearraí: | € | 40,210.20 |
| Cothabháil: | € | 38,403.58 |
| Eile: | € | 20,655.33 |

## 7. FOILSEACHÁIN

**Irish Journal of Education:**

| | |
|---|---|
| IJE/Díolacháin foilseachán: | € 300.00 |
| JStor Díolacháin Irisleabhar ar líne: | € 1,770.64 |
| Díolacháin foilseachán foriomlán: | € 2,070.64 |
| Costais priontála IJE: | € 275.00 |

**Ceannacháin leabhar agus irisleabhar:**

| | |
|---|---|
| Caiteachas leabhar: | € 85.25 |
| Caiteachas irisleabhar: | € 44,224.62 |

Tá Tuairisc an FTO ar Nochtadh Cosanta ar fáil in Aguisín 2.

Tá Ráiteas Airgeadais an FTO lena n-áirítear tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus an Ráiteas ar Rialú Inmheánach do 2021 ar fáil in Aguisín 3.

## Aguisín 1: Liosta neamh-uileghabhálach de ghníomhaíochtaí a thagann le cuspóirí Fheidhmeanna an Fhorais a chur chun cinn

| |
|---|
| 1. A chur ar chumas scoileanna leibhéil ghnóthachtála agus caighdeáin acadúla scoláirí a mheas mar a éilítear faoi Alt 9(k) den Acht Oideachais, 1998 |
| 2. A chur ar chumas scoileanna tuairisciú go córasach ar leibhéil ghnóthachtála agus caighdeáin acadúla scoláirí do thuismitheoirí, scoláirí, boird bhainistíochta, an tAire Oideachais agus daoine eile |
| 3. Cuidiú le scoileanna riachtanais speisialta oideachais dhaltaí aonair a aithint |
| 4. Comhairle a sholáthar do scoileanna agus do lárionaid oideachais ar an measúnú ar leibhéil ghnóthachtála agus ar chaighdeáin acadúla scoláirí |
| 5. Measúnaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta a dhéanamh ar leibhéil ghnóthachtála agus ar ghnóthachtáil acadúil scoláirí agus tuairisciú don Aire ar a leithéid de mheasúnuithe |
| 6. Eolas ar leibhéil ghnóthachtála agus caighdeáin acadúla dhaltaí i scoileanna agus i lárionaid oideachais in Éirinn a chothabháil, a stóráil go sábháilte agus a fhoilsiú |
| 7. A bheith páirteach sa mheastóireacht ar chláir agus ar ghníomhaíochtaí oideachasúla |
| 8. Taighde a thionscnamh agus a dhéanamh atá comhsheasmhach le cuspóirí an Fhorais, agus torthaí an taighde seo a fhoilsiú agus a scaipeadh |
| 9. Acmhainn a thógáil le haghaidh measúnaithe agus taighde oideachais in Éirinn trí sholáthar a dhéanamh d'fhorbairt ghairmiúil fhoireann an Fhorais agus trí oiliúint agus comhairle ar réimsí inniúlachta a sholáthar do dhaoine eile |
| 10. Ionadaíocht ar bhoird chomhairleacha náisiúnta agus idirnáisiúnta atá ábhartha don Fhoras |
| 11. Comhoibriú le heagraíochtaí eile, de réir mar is cuí, i réimsí taighde, staidéir mheasúnaithe agus mheastóireachta agus na torthaí a bhaineann le taighde, measúnú agus meastóireacht a scaipeadh |
| 12. Seirbhísí comhairleoireachta a sholáthar |
| 13. Comhoibriú le heagraíochtaí eile, de réir mar is cuí |

## Aguisín 2: Tuarascáil ar Nochtadh Cosanta

Ghlac an FTO a pholasaí féin maidir le nochtadh cosanta an 25 Eanáir 2018 de réir alt 21 (1) den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 agus ceanglas an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

Éilítear le hAlt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 go bhfoilseofar tuarascáil bhliantúil maidir le nochtaithe cosanta a fhaigheann an FTO.

Ní bhfuarthas aon nochtadh dá leithéid in 2021 agus tá fáil ar chóip de pholasaí an FTO agus de thuarascáil bhliantúil 2021 ar nochtadh cosanta ar láithreán gréasáin an FTO (hipearnasc https://www.erc.ie).

## Aguisín 3: Ráiteas Airgeadais agus Ráiteas ar Rialú Inmheánach

**AN FORAS TAIGHDE AR OIDEACHAS**

**RÁITIS AIRGEADAIS**

**DON BHLIAIN DAR CRÍOCH**
**31 NOLLAIG 2021**

**AN FORAS TAIGHDE AR OIDEACHAS**

## CLÁR


| | Leathanach |
|---|---|
| Baill an Bhoird agus Eolas Eile | 3 |
| Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Bhaill an Bhoird | 4 - 8 |
| Ráiteas ar Rialú Inmheánach | 9 - 12 |
| Tuairisc an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 13 - 15 |
| Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais | 16 |
| Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | 17 |
| Ráiteas ar Staid an Airgeadais | 18 |
| Ráiteas ar Shreafaí Airgid | 19 |
| Nótaí do na Ráitis Airgeadais | 20 - 30 |

## BAILL AN BHOIRD AGUS EOLAS EILE
**Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021**

| | |
|---|---|
| **Baill an Bhoird** | An Dochtúir Pauric Travers (Ar scor 05/07/21)<br>An Dochtúir Denise Burns<br>An tOllamh Michael Martin<br>Éamonn Ó Muircheartaigh<br>Sharon Feeney (Ó 26/11/21) |
| **Seoladh Gnó** | OCBÁC, Campas Choláiste Naomh Pádraig<br>Droim Conrach<br>Áth Cliath 9, D09AN2F |
| **Iniúchóirí** | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>3A Sráid an Mhéara Uachtarach<br>Áth Cliath 1, D01PF72 |
| **Baincéirí** | Allied Irish Banks PLC<br>140 Bóthar Dhroim Conrach Íochtarach<br>Áth Cliath 9 |
| **Dlíodóirí** | Holmes<br>Seomra 1,<br>2 Plás Íle,<br>Áth Cliath 02<br>D02FR58<br><br>O Connell Brennan<br>Teach Armitage<br>10 Sráid Haiste Íochtarach<br>Áth Cliath 2<br><br>Eversheds<br>1 Ionad Phort an Iarla<br>Ardán Phort an Iarla<br>Áth Cliath 2 |

## AN FORAS TAIGHDE AR OIDEACHAS

## RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL BHAILL AN BHOIRD

**don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021**
**Rialachas**

Bunaíodh Bord an Fhorais Taighde ar Oideachas faoin Ordú (Bunú) um An Foras Taighde ar Oideachas, 2015. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in alt 45 den Acht seo. Tá an Bord freagrach don Aire Oideachais agus tá sé freagrach as dea-rialachas a dheimhniú agus déanann sé an tasc seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach príomhcheist ghnó. Is é/í an POF agus an fhoireann bainistíochta sinsearaí atá freagrach as bainistíocht, rialú agus treo an Fhorais Taighde Oideachais go rialta ó lá go lá. Caithfidh an POF agus an fhoireann bainistíochta sinsearaí an treoir straitéiseach leathan a bhíonn leagtha síos ag an mBord a leanúint, agus caithfidh siad a dheimhniú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach ball den Bhord ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus le bainistíocht an Fhorais Taighde ar Oideachas.

**Freagrachtaí an Bhoird**

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach ina Théarmaí Tagartha ina bhfuil na gnóthaí freisin atá curtha in áirithe go sonrach do chinneadh an Bhoird. I measc na míreanna seasta a mheasann an Bord tá:

- Pleanáil Straitéiseach
- Gnóthaí rialachais lena n-áirítear polasaithe inmheánacha;
- Leibhéil údarás tarmligthe agus polasaithe bainistíochta riosca;
- Airgeadas/Cuntais lena n-áirítear buiséid bhliantúla agus pleananna corparáideacha a fhaomhadh;
- Ceapadh, luach saothair agus measúnú ar fheidhmíocht an POF agus pleanáil chomharbais dó/di;
- Tuarascálacha ó Choistí Iniúchta agus Riosca agus iniúchtaí inmheánacha;
- Soláthar foirne; agus
- Dearbhuithe leasa.

Ceanglaítear, le halt 45 den Ordú um An Foras Taighde ar Oideachas, 2015 ar an mBord gach cuntas ceart agus is gnách ar an airgead go léir a fhaightear agus a chaitear a choinneáil, i cibé foirm a cheadaíonn an tAire Oideachais le faomhadh an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais seo á ullmhú, caithfidh an Bord:

- polasaithe cuntasaíochta cuí a roghnú agus a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh a bhíonn réasúnta agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn ghnóthais leantaigh mura mbíonn sé míchuí glacadh leis go leanfaidh sé ag feidhmiú; agus
- tabhairt le fios ar cloíodh le caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe, faoi réir aon imeachta ábhartha a nochtar agus a míníodh sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choinneáil a nochtann, le cruinneas réasúnta ag aon am, a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas a dheimhniú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 47 den Ordú um an Foras Taighde ar Oideachas, 2015.

Tá an Bord freagrach as an bplean agus an buiséad bliantúil a fhaomhadh. Eisítear meastóireacht, ar fheidhmíocht an Fhorais (feidhmíocht i gcoinne plean/buiséid a éilíonn an Cód Cleachtais mír 1.19) trí thagairt do phlean agus don bhuiséad bliantúil chuig an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC) ag gach cruinniú agus tuairiscíonn an ARC a thorthaí don Bhord.

Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus dá réir sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais An Foras Taighde ar Oideachas léargas fíor agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an FTO an 31 Nollaig 2021.

**Struchtúr an Bhoird**

Is é comhdhéanamh an Bhoird ná Cathaoirleach agus ceathrar gnáthchomhaltaí, gach duine acu ceaptha ag an Aire Oideachais. Ceapadh comhaltaí an Bhoird ar dtús do thréimhse 5 bliana agus an bhallraíocht le dul in éag 4 Iúil 2021. Athcheapadh triúr de na comhaltaí ar feadh tréimhse trí bliana agus d'éirigh Cathaoirleach an Bhoird as oifig. Tá an Leas-Chathaoirleach ag gníomhú mar Chathaoirleach Gníomhach ar an mBord faoi láthair go dtí go gceapfar Cathaoirleach nua.

I mí Mheán Fómhair 2018 d'éirigh ball amháin as agus rinneadh comharba a cheapadh an 26 Samhain 2021. Bíonn cruinniú ag an mBord ar a laghad 6 huaire in aghaidh na bliana. Tionóladh 7 gcruinniú i 2021.

# RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL BHAILL AN BHOIRD

**don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021**

Ó 1 Eanáir 2021 go dtí go ndeachaigh an Cathaoirleach ar scor an 4 Iúil bhí ceathrar comhaltaí ar an mbord, triúr fear agus bean amháin (75:25). Ó 5 Iúil go 25 Samhain ní raibh ach triúr comhaltaí boird, beirt fhear agus bean amháin (67:33). Nuair a ceapadh comhalta boird nua ar an 26 Samhain, bhí ceathrar mar bhallraíocht arís, beirt fhear agus beirt bhan (50:50).

Deirtear san Ordú um Lárionad Taighde Oideachais (Bunú), 2015 (S.I. Uimh. 392/2015) go mbeidh 5 chomhalta ag an bhForas. Cé gur fearr cothromaíocht inscne a choinneáil ar an mbord tarlóidh scoilt 60:40 nuair a cheapfar an Cathaoirleach nua. Tabharfar aird ar aon cheapachán boird amach anseo ar an ngá éagsúlacht a choinneáil.

Léiríonn an tábla thíos cothromaíocht inscne ár mBord le linn 2021.

| Tréimhse | Baill Fireann ar an mBord | Baill Baineann ar an mBord |
|---|---|---|
| 1 Eanáir 2021 go 4 Iúil 2021 | 3 | 1 |
| 5 Iúil 2021 go 25 Samhain 2021 | 2 | 1 |
| 26 Samhain 2021 go 31 Nollaig 2021 | 2 | 2 |

Léiríonn an tábla thíos sonraí ceapacháin na mball reatha:

| Ball an Bhoird | Ról | Dáta an cheapacháin | Dul in éag an cheapacháin | Dáta an athcheapacháin |
|---|---|---|---|---|
| An Dochtúir Pauric Travers | Cathaoirleach | 05/07/2016 | 04/07/2021 | N/B |
| An Dochtúir Denise Burns | Leas-Chathaoirleach<br>Cathaoirleach Gníomhach | 05/07/2016<br>05/07/2021 | 04/07/2021<br>Dul in éag ar cheapadh an Chathaoirligh nua | 05/07/2021 |
| An tOllamh Michael Martin | Gnáthbhall | 05/07/2016 | 04/07/2021 | 05/07/2021 |
| Éamonn Ó Muircheartaigh | Gnáthbhall | 05/07/2016 | 04/07/2021 | 05/07/2021 |
| Sharon Feeney | Gnáthbhall | 26/11/2021 | 25/11/2026 | N/B |

Tá coiste amháin bunaithe ag an mBord, mar seo a leanas:

**An Coiste Iniúchta agus Riosca (ARC)**: comhdhéanta de cheathrar ball den Bhord agus ball neamhspleách amháin a ceapadh i Ráithe 4 2019 go dtí 5 Meán Fómhair 2021 nuair a d'imigh ball amháin ar scor. Is é ról an ARC tacú leis an mBord maidir lena fhreagrachtaí as saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus dearbhuithe ábhartha. Tá an ARC neamhspleách ó bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go háirithe, deimhníonn an ARC go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchta. Tuairiscíonn an ARC go díreach don Bhord tar éis gach cruinnithe. Rinneadh athbhreithniú ar dhréacht-tuarascáil fhoirmiúil bhliantúil i scríbhinn chuig an mBord, don bhliain 2021, i mí Feabhra 2021, lena eisiúint ag an gcéad chruinniú Boird an 14 Feabhra 2021.

Is iad baill an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca: Éamon Ó Muircheartaigh (Cathaoirleach), an Dochtúir Denise Burns, an tOllamh Michael Martin, an Dochtúir Pauric Travers (go dtí 5 Meán Fómhair 2021) agus Ray Mooney.

Tionóladh 5 chruinniú den ARC in 2021.

## RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL BHAILL AN BHOIRD

**don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021**

Is iad comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ná:

| Ball an Bhoird | Ról | Dáta an cheapacháin | Dul in éag an cheapacháin | Dáta an athcheapacháin |
|---|---|---|---|---|
| Éamonn Ó Muircheartaigh | Cathaoirleach | 05/07/2017 | 05/09/2021 | 05/09/2021 |
| Ray Mooney | Leas-Chathaoirleach | 14/11/2019 | 21/10/2025 | |
| An tOllamh Michael Martin | Gnáthbhall | 05/07/2017 | 05/09/2021 | 05/09/2021 |
| An Dochtúir Denise Burns | Gnáthbhall | 05/07/2017 | 05/09/2021 | 05/09/2021 |
| An Dochtúir Pauric Travers | Gnáthbhall | 05/07/2017 | 05/09/2021 | N/B |

### Sceideal Tinreamh, Táillí agus Speansais

Ní fhaigheann Comhaltaí an Bhoird táille. Tá sceideal tinreamh ag cruinnithe an Bhoird agus an Choiste do 2021 leagtha amach thíos lena n-áirítear na costais a fuair gach ball (toisc Covid 19, b'éigean gach cruinniú Boird agus ARC a eagrú ar líne i 2021):

| Ball | Bord (líon cruinnithe) | ARC (líon cruinnithe) | Speansais 2021 (€) |
|---|---|---|---|
| An Dochtúir Pauric Travers | 3 | 2 | 0 |
| Éamonn Ó Muircheartaigh s | 7 | 5 | 0 |
| An Dochtúir Denise Burns | 6 | 4 | 0 |
| An tOllamh Michael Martin | 7 | 5 | 0 |
| Ray Mooney | N/B | 5 | 0 |
| Sharon Feeney | 0 | N/B | 0 |

#### Nochtadh a Éilítear faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon an FTO ceanglais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit ("an Cód"), mar atá ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Éilítear na nochtaí seo a leanas leis an gCód:

***Costais Chomhairleachta***

| | |
|---|---|
| Táillí dlí | 84,586 |
| Iniúchadh & Cuntasaíocht | 41,600 |
| Gairmiúil & Comhairleachta – Ginearálta | 24,657 |
| Gairmiúil & Comhairleachta – Tionscnamh Ábhartha | 316,966 |
| Iomlán: | 467,809 |

***Costais agus Socruithe Dlíthiúla***

## RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL BHAILL AN BHOIRD

**don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021**

Bhí costais charnacha socraíochta €83,262 lena n-áirítear táillí dlí €20,270.40 a bhain le socrú foirceanta d'iarbhall foirne. Thug an Roinn Comhshaoil agus RCPA faomhadh don íocaíocht. Ní chuimsíonn an méid thuas caiteachas a bhain le comhairle dlí ghinearálta a fuair an FTO, léirithe sna costais táillí dlí thuas.

***Caiteachas Taistil agus Cothaithe***

Déantar caiteachas taistil agus cothaithe a chatagóiriú mar seo a leanas :

| | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Baile | | |
| - Bord | 0 | 113 |
| - Fostaithe | 189 | 9,436 |
| Idirnáisiúnta | | |
| - Bord | 0 | 0 |
| - Fostaithe | 1,010 | 7,230 |
| **Iomlán** | **1,199** | **16,779** |

Is mar seo atá costais taistil an POF mar atá san áireamh thuas :

Náisiúnta: €189

Idirnáisiúnta: €1006

***Caiteachas Fáilteachais***

Tá an caiteachas fáilteachais seo a leanas san áireamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais :

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Fáilteachas don fhoireann | 0 | 16 |
| Fáilteachas do chliaint | 0 | 1051 |
| Iomlán | 0 | 1067 |

Tá glactha ag an mBord leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige chun comhlíonadh an Chóid a dheimhniú. Tá an FTO ag obair i dtreo comhlíonadh iomlán ó bunaíodh é i mí Dheireadh Fómhair 2015 agus d'eisigh sé anailís bhearna ar an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) chuig rannóg maoirseachta a mháthair-roinn i mí na Samhna 2019. Leantar den obair ar nithe ar nós iniúchtaí inmheánacha, bainistíocht riosca, polasaithe TF agus AD le roinnt moillithe maidir le bainistíocht riosca go dtí gur ceapadh Príomhoifigeach (faomhadh tugtha don earcú Nollaig 2020 agus ceapachán i mí Mheán Fómhair 2021) chun an fheidhm seo a bhainistiú. Thosaigh an obair ar riosca athuair i R4 2021 agus leanfar leis le linn 2022. Le ceapadh Bainisteoir TF i mí Eanáir 2021, leanfar in 2022 leis an obair chun an struchtúr líonra a nuashonrú, an tslándáil a bhunú agus gach uasghrádú a bhaineann le TF a nuashonrú. Deimhníodh don Bhord i R1 2021 go mbeadh Cathaoirleach an Bhoird agus comhalta den ARC ag éirí as ag deireadh a dtréimhsí mar chomhaltaí agus tá obair ar bun I gcónaí idir an Roinn Comhshaoil agus an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí chun teacht ar Chathaoirleach nua. Tá ceisteanna maidir le húinéireacht fhoirgneamh na Roinne Tástála idir lámha fós ag foireann dlí an FTO ach rinneadh dul chun cinn suntasach in 2021 agus tá dóchas go dtabharfar an cheist chun críche in 2022. Rinneadh dul chun cinn maith freisin in 2021 leis an bplé ar athsholáthar fadtéarmach an chomhaontaithe aistrithe idir an FTO agus OCBÁC agus tá dréacht-léas anois le hathbhreithniú agus le plé idir abhcóidí dlí na bpáirtithe. Tar éis plé idir an FTO, OCBÁC agus an RO ag deireadh na bliana 2020, ní dhéanann an FTO na híocaíochtaí pinsin do bhaill foirne a rachaidh ar scor i ndiaidh mhí na Nollag 2020, cé nár aithníodh cistiú dó sin in 2021 agus rinneadh na híocaíochtaí ó chúlchistí an FTO. Leanann DCU ag íoc na bpinsean do bhaill foirne a chuaigh ar scor tar éis 2015 ach roimh 2021, ach táthar ag súil go n-aistreofar iad seo chuig an FTO sa mheántéarma. Aithníodh maoiniú le haghaidh íocaíochtaí pinsin an FTO tar éis 2020 go luath in 2022 ach beidh tuilleadh plé ag teastáil maidir le maoiniú do na pinsin eile.

Tá cuimsitheacht agus meas mar bhonn le agus mar thaca ag gach gné dár gcuid oibre agus tá siad bainteach le prionsabal an spioraid chomhoibríoch. Ina theannta sin, tá luach ard ag an FTO ar a bheith feasach agus tuisceanach ar raon riachtanas agus leasanna na ngrúpaí éagsúla laistigh den chóras oideachais agus bainteach leis. Tá sé mar aidhm ag an FTO feabhas a chur ar inrochtaineacht agus ábharthacht a thuarascálacha agus aschuir eile (m.sh. láithreán gréasáin, trialacha caighdeánaithe agus

doiciméid thacaíochta) le bheith níos cuimsithí agus níos mó meas a léiriú ar a lucht éisteachta/féachana éagsúla, lena n-áirítear iad siúd i bpobail Ghaeilge agus i gcomhthéacsanna socheacnamaíochta agus teangeolaíochta eile.

| | |
|---|---|
| ________________________________ | ________________________________ |
| **An Dochtúir Aidan Clerkin** | **Éamonn Ó Muircheartaigh** |
| **Príomhoifigeach Feidhmiúcháin** | **Cathaoirleach** |
| **Dáta:** ____________________ | **Dáta:** ____________________ |

## AN FORAS TAIGHDE AR OIDEACHAS

## RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

**don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021**
**Scóip na Freagrachta**

Thar ceann an Fhorais Taighde Oideachais aithním freagracht an Bhoird as a chinntiú go gcuirtear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm, go ndéantar monatóireacht air agus go ndéantar é a chothabháil, le feabhsúcháin de réir mar is gá. Cuirtear san áireamh mar chuid den fhreagracht seo riachtanais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).
**Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh**
Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú go leibhéal inghlactha seachas é a dhíchur. Mar sin ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath go tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann le treoir arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm san FTO don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021 agus suas go dtí dáta formheasa na ráiteas airgeadais, seachas an ceann inmheánach saincheisteanna rialaithe a bhfuil cuntas orthu thíos.

**An Cumas chun Riosca a Láimhseáil**

Tá Coiste Iniúchta agus Riosca (ARC) ag an FTO comhdhéanta de 3 chomhalta Boird (4 chomhalta go dtí 5 Meán Fómhair 2021), duine acu ina Chathaoirleach agus ball seachtrach amháin a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchta aige agus a ceapadh mar leas-Chathaoirleach i mí Mheán Fómhair 2021. Tháinig an ARC le chéile cúig huaire in 2021.

Feidhmíonn an Coiste Iniúchta agus Riosca de réir phrionsabail an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit agus déanann sé maoirseacht ar fheidhm Iniúchta inmheánach an FTO.

Ó cuireadh i bhfeidhm é, tá obair an ARC dírithe i dtreo

- A dheimhniú go gcuirtear próisis aitheantais, monatóireachta agus maolaithe measúnaithe riosca i bhfeidhm laistigh den eagraíocht chun cineál, méid agus impleachtaí airgeadais na rioscaí atá ann don FTO a aithint.
- Measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlóidh rioscaí aitheanta.
- Measúnú a dhéanamh ar chumas an FTO rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú.
- Pleanáil straitéiseach a chur i bhfeidhm (a eisíodh i mí an Mhárta 2019) faoi réir athbhreithnithe rialta ar aidhmeanna gearrthéarmacha agus fadtéarmacha agus meastóireacht ar na rioscaí a bhaineann leis na pleananna sin a chur i gcrích.

In 2021, rinneadh ceithre iniúchadh inmheánacha. Bhain dhá cheann acu sin le rialú inmheánach airgeadais tar éis chinneadh an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste in Iniúchadh ar an Ráiteas Airgeadais 2020 gur ghá uainiú na Rialuithe Airgeadais a ailíniú níos dlúithe le deireadh na bliana airgeadais. Mar thoradh air sin, chlúdaigh na hiniúchtaí ar Rialuithe Inmheánacha Airgeadais na tréimhsí seo a leanas:

- Measúnú Riosca Calaoise a chlúdaigh an tréimhse 2020
- Measúnú Athbhreithniú Timthriall Íocaíochta a chlúdaigh an tréimhse Samhain 2020 go Samhain 2021.

Sa todhchaí clúdóidh gach Iniúchadh Inmheánach Airgeadais an tréimhse ó mhí na Nollag go dtí mí na Samhna.

In 2021 rinneadh iniúchadh inmheánach freisin ar chomhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (a cuireadh siar in 2020 mar gheall ar dhúshláin acmhainne) agus ar Chur i bhFeidhm Chéad Phlean Straitéiseach an FTO.

Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar thorthaí na n-iniúchtaí inmheánacha éagsúla agus d'fhormheas sé na freagraí ag a chruinniú an 29 Meitheamh 2021, an 14 Nollaig 2021 agus an 14 Feabhra 2022. Níl athbhreithniú iomlán déanta ar phárolla 2019 a mhol an ARC in 2020. toisc nach raibh fáil go fóill ag an FTO ar na sonraí, a bhí á gcoimeád in OCBÁC, le linn 2021 de bharr Covid. Tá OCBÁC ag obair ar chóip chúltaca de na sonraí a scaoileadh lena n-aistriú chuig FTO. Mar sin féin, rinneadh athbhreithniú ar phárolla 2021 i mí na Nollag 2021. Déanfar torthaí an iniúchta a mheasúnú le linn R1 agus R2 2022. D'fháiltigh an ARC roimh an athrú ar sholáthraí párolla atá beartaithe ó Mhárta 2022.

Chuir an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ARC&C) torthaí iniúchtaí 2020 faoi bhráid an ARC i mí an Mheithimh 2021 agus síníodh an litir Bhainistíochta an 1 Samhain 2021. Áiríodh torthaí iniúchtaí 2020 i dtuarascáil an ARC don Bhord i mí Feabhra 2022. Leanann saincheisteanna acmhainne ar aghaidh chun moill a chur ar chur i bhfeidhm maolaithe do thorthaí roinnt iniúchtaí, go hinmheánach agus go seachtrach ach rinneadh roinnt dul chun cinn le linn 2021 agus leanann an FTO ag obair orthu sin. Thug an Bord faomhadh do nuashonruithe ar na beartais chuntasaíochta an 2 Samhain 2021.

## RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

**don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021**

Bíonn Bainistíocht Riosca mar mhír seasta ag cruinnithe an Bhoird agus an ARC araon. Críochnaíodh an beartas Riosca ag an ARC agus ag Cruinnithe Boird an 18 Feabhra 2022. Leanann an FTO ag obair i dtreo a Chlár Riosca a chur ar bhonn foirmiúil. Bhí plé fairsing ag an FTO leis an Roinn Comhshaoil ar riosca le linn 2021 agus leantar ag cur an Roinn Comhshaoil ar an eolas maidir le riosca i dtuarascálacha luathrabhaidh. Leanann na hiniúchtaí éagsúla mar aon le tuairiscí rialta tionscadail ó Bhainisteoirí Tionscadail an Fhorais ag líonadh an chláir riosca.

Tá Téarmaí Tagartha don Bhord ag an FTO mar aon le Cód Iompraíochta do chomhaltaí an Bhoird agus d'fhostaithe ina leagtar amach na caighdeáin prionsabail agus cleachtais comhaontaithe maidir le rúndacht agus coinbhleachtaí leasa. Rinne an Bord athbhreithniú ar Théarmaí Tagartha an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca an 2 Samhain 2021 agus rinneadh roinnt athruithe a bhain go príomha le líon na gcomhaltaí Boird a bhfuil cead acu suí ar an ARC.

Glacadh an Beartas um Nochtadh Cosanta an 17 Eanáir 2018 agus an beartas frithchalaoise an 13 Samhain 2018. Tá an tuarascáil um nochtadh cosanta don bhliain 2021 ar fáil ar láithreán gréasáin an FTO.

I bhfianaise an Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí a tháinig i bhfeidhm i mí na Bealtaine 2018, tá athbhreithniú déanta ag an FTO ar a cleachtais inmheánacha maidir le bailiú sonraí agus d'oibrigh sé chun creat iomchuí a chur i bhfeidhm (le tacaíocht ó shreafaí oibre agus próisis) lena chinntiú go gcomhlíontar na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Mar chuid den chreat seo, tá córais agus rialuithe reatha curtha i bhfeidhm nó athbhreithnithe ag an FTO chun srian a chur le rochtain ar shonraí rúnda, na céimeanna a glacadh chun cosaint sonraí pearsanta a áirithiú a thaifead. Tá sraith beartas agus foirmeacha a bhaineann le ceanglais cosanta sonraí ar fáil ar láithreán gréasáin an FTO. Má thagann an FTO ar an eolas faoi sháruithe iarbhír nó féideartha ar shonraí rúnda, déanfar grinnscrúdú orthu seo agus nuair is gá tuairisceofar iad do na húdaráis chuí.

**Creat Riosca agus Rialaithe**

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an FTO a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na polasaithe bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin, a mhéid is féidir
Déanann an POF agus an Coiste Iniúchta agus Riosca athbhreithniú agus bainistíocht ar an gclár, agus cuirtear an Bord ar an eolas ina dhiaidh sin. Trí phlé oscailte leis an gCoiste Iniúchta agus Riosca agus lena Bhord tá an FTO muiníneach go gcuirtear eolas maidir le riosca in iúl go cruinn do na baill. Ceapadh an Príomhoifigeach mar Phríomhoifigeach Riosca ag cruinnithe an ARC i mí na Nollag 2021 agus leanfar den obair in 2022 chun dul i ngleic leis na feabhsuithe is gá chun bainistíocht riosca agus straitéisí a fhoirmiú. Déanfar athbhreithniú ar ár gclár rioscaí in 2022 agus é mar aidhm nuashonrú ráithiúil a bheith ar an doiciméad seo nuair a bheidh na próisis aontaithe.
Sonraíonn an clár riosca na rialuithe agus na bearta is gá chun rioscaí agus freagracht as oibriú rialuithe a shanntar d'fhoireann ar leith a mhaolú. Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe ann ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm:

- nósanna imeachta doiciméadaithe do gach príomhphróiseas airgeadais agus gnó,
- doiciméadú ar phríomhphróisis Rialachais agus AD idir lámha,
- freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach sannta
- córas buiséadaithe iomchuí le buiséad bliantúil ann a choinníonn an bhainistíocht shinsearach faoi athbhreithniú
- córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide nuashonraithe le linn 2021 agus roinnt de
  na beartais TF nuashonraithe i R1 2022 (agus an chuid eile san áireamh sa chlár oibre do 2022) agus
- córais chun na sócmhainní a chosaint.

**Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach**

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe. Cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh, agus don bhainistíocht agus don Bhord, nuair is ábhartha, go tráthúil. Tá na córais monatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- tá príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara aitheanta agus tá próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomh-rialuithe sin agus chun aon easnaimh aitheanta a thuairisciú,
- tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais, agus
- tá athbhreithnithe á ndéanamh go rialta ag an mbainistíocht ar thuairiscí tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais a léiríonn feidhmíocht i gcoinne buiséid/réamh-mheastaí.

## RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

**don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021**

Chuir an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ARC&C) agus iniúchóirí inmheánacha béim ar roinnt ócáidí ar roinnt rioscaí a bhaineann le saincheisteanna foirne nó oidhreachta ar nós comhaontuithe pinsin/párolla/aistrithe agus léasa, agus ainmniú comhalta Boird breise. Bhí na rioscaí seo ag brath den chuid is mó ar phlé leis an Roinn Oideachais agus OCBÁC maidir le maolú agus/nó díchur ar an gcéad dul síos, agus rinneadh roinnt dul chun cinn ar fhormhór na míreanna in 2021:

- ✓ Tar éís Oifigeach Feidhmiúcháin AD a cheapadh i mí Eanáir 2021 maolaíodh an cheist maidir le leithscaradh dualgas i bpróisis phárolla.
- ✓ Cruthaíodh ceapachán an phoist do Bhainisteoir TF i mí Eanáir 2021 deis an dá chóras cuntasaíochta don Fhoras agus don Roinn Tástála a chónascadh agus a chríochnú i mí Eanáir 2022.
- ✓ Tar éis deimhniú ón Ard-Aighne i mí na Nollag 2020 go bhfuil an FTO faoi dhliteanas as a phinsin, rinneadh cinneadh don FTO a phinsin féin a riar le cabhair ó sholáthraí tríú páirtí ó 2021 ar aghaidh. Tá aistriú sonraí pinsin mar aon le haistriú le haghaidh seirbhíse d'fhostaithe réamh-2015 FTO ar feitheamh fós agus leanann na cainteanna le OCBÁC. Cé nach bhfuair an FTO aon mhaoiniú chun a pinsin agus a cnapshuimeanna 2021 a íoc agus go raibh uirthi a cúlchistí a úsáid, dheimhnigh an Roinn Oideachais maoiniú do 2022.
- ✓ Leanann an obair ar Léas idir DCU agus FTO agus tá sé ag dréacht chéim anois agus táthar ag súil go gcríochnófar é faoi R2 2022.
- ✓ Tá roinnt du chun cinn déanta maidir le haistriú úinéireachta ar fhoirgneamh na Roinne Tástála chuig an FTO agus táthar ag súil go gcríochnófar é seo faoi dheireadh 2022.
- ✓ Tharla ceapachán don ghnáthchomhalta Boird an 26 Samhain 2021. Toisc nár deimhníodh an dáta ceapacháin go dtí tar éis chruinniú an Bhoird i mí na Nollag, tionóladh an chéad chruinniú de na comhaltaí nua i mí Feabhra 2022. Tar éis dul ar scor an Chathaoirligh an FTO i mí an Mheithimh 2021, áfach, tá folúntas don phost seo anois.
- ✓ Ghlac an Bord comhairle dlí ar phinsin agus pléadh an cheist freisin ag cruinniú rialachais leis an Roinn Oideachais.

**Soláthar**

Cloíonn an FTO le polasaithe ábhartha soláthair phoiblí agus nuair a tháinig saincheisteanna chun cinn, rinneadh obair chun iad a cheartú. Tá an FTO ag obair leis an Oifig um Sholáthar Rialtais (OSR), áit a bhfuil creataí i bhfeidhm chun seirbhísí a aithint. Bhí ar an FTO, áfach, roinnt tairiscintí soláthair a reáchtáil go díreach chun an mhargaidh. Is iad aidhmeanna phlean soláthair an FTO straitéis ceannaigh/soláthair a shocrú a bhaineann le riachtanais an FTO thar an tréimhse ama atá luaite le hathbhreithnithe rialta ar a cur chun feidhme agus ar a éifeachtacht. Chabhraigh an chéad phlean dá leithéid le hobair an FTO a dhíriú ar sholáthar ach táthar ag plé fós le roinnt dúshlán agus beidh gá le nuashonruithe próisis. Comhlíonadh an tairiscint chlóite, a tharla in 2018 agus a rabhthas ag súil go mairfidh sé ar feadh 4 bliana, le méideanna gan choinne agus ba ghá an tairiscint a reáchtáil athuair níos luaithe ná mar a bhí beartaithe. Ní raibh an OSR in ann an tairiscint a rith ar chúiseanna acmhainne agus tharla roinnt moilleanna mar gheall ar an gcastacht. D'aithin an FTO saincheist maidir le comhlíonadh na míre seo in 2020, a tugadh isteach in 2021. Is é an luach ábhartha do 2021 ná €167,239.64 (gan CBL san áireamh). Aithníodh soláthraí nua i R3 2021. Nuair nach raibh seirbhísí OSR ar fáil in 2021, d'oibrigh an FTO le comhairleoirí seachtracha maidir lena riachtanais soláthair, ag cuidiú leis próisis chuí a chinntiú i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm na n-iarratas ar thairiscintí. Breathnóidh an FTO ar a riachtanas soláthair don dá bhliain atá atá le teacht chun a chéad phlean soláthair eile a fhorbairt.

**Athbhreithniú ar Éifeachtacht**

Leanann an Bord ar aghaidh ag forbairt a struchtúir de réir an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 (CC). Tá an FTO ag fanacht le soiléiriú ar roinnt míreanna a bhaineann leis an gCód Cleachtais 2016 mar aon le roinnt maoluithe a bhaineann le míreanna ar nós Príomhoifigeach Riosca, Cairt Custaiméirí agus breithmheas bhaill an ARC agus tá tuilleadh dul chun cinn ina leith sin ar feitheamh freagraí. Tá sé beartaithe ag an FTO a chomhlíonadh a iniúchadh faoi dheireadh 2022 nó go luath in 2023.

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta maidir le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe curtha i bhfeidhm ag an FTO. Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú an FTO ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Choiste Iniúchta agus Riosca

a dhéanann maoirseacht ar a chuid oibre, agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den FTO atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais inmheánach a fhorbairt agus a chothabháil.

Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar thorthaí an dá iniúchadh ar rialuithe inmheánacha airgeadais a rinneadh in 2021 mar aon leis na torthaí ó iniúchadh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ARC&C) ar Ráitis Airgeadais 2020 (a síníodh i mí an Mheithimh 2021) agus a litir bhainistíochta a eisíodh i mí na Samhna 2021. Chlúdaigh an t-athbhreithniú rialaithe inmheánaigh don tréimhse 2021 an 1 Nollaig 2020 go dtí an 30 Samhain 2021 agus breathnaíodh ar an timthriall pá, ag athbhreithniú príomhréimsí ar nós monatóireacht a dhéanamh ar dheimhnithe imréitigh cánach soláthraithe, cibé an bhfuil dea-chleachtas ag baint leis an mbeartas um ordú ceannaigh (OC) agus an bhfuil siad ardaithe agus réamhcheadaithe sula bhfaightear sonraisc Iníoctha, cibé an bhfuil próiseas láidir (meaitseáil dhá/trí bhealach) i bhfeidhm ag an FTO chun nótaí a fuarthas a thabhairt le chéile le sonraisc agus le OCanna, cibé an bhfuil rialuithe inmheánacha leordhóthanacha ag an FTO le haghaidh réamhcheadú íocaíochtaí agus an bhfuil na fophróisis maidir le faisnéis bhaincéireachta (agus athruithe gaolmhara) ar shonraí soláthraithe sách láidir.

Rinne an Coiste athbhreithniú ar an tuarascáil ar rialú inmheánach an 25 Eanáir 2022 agus ina dhiaidh sin thuairiscigh sé na torthaí mar aon le torthaí gach iniúchta inmheánaigh agus sheachtraigh a rinneadh in 2021 don Bhord trína thuarascáil bhliantúil. D'athbhreithnigh agus d'fhormheas an Bord an tuarascáil ag a chruinniú ar an 18 Feabhra 2022.

Rinne an ARC cur i bhfeidhm na hoibre i dtreo bearta ceartaitheacha d'aon easnaimh nó laigí a aithint agus a mhonatóireacht agus ionchorpraíodh é sin sa phlean gníomhaíochta rialachais, a bhí mar phríomhspreagthóir d'oibreacha leasúcháin i gcás teipeanna rialachais chorparáidigh. Thar ceann Bhord an FTO, deimhním a bhfuil mo shíniú thíos, Cathaoirleach Gníomhach an Bhoird, maidir leis an mbliain dar críoch 31 Nollaig 2021, go bhfuil athbhreithniú déanta ag an mBord, tar éis moltaí ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, ar an éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh an 18 Feabhra 2022. Tá an Bord sásta go meastar an tréimhse suas go dtí Samhain 2021 inghlactha mar dhearbhú réasúnta go raibh na rialuithe ag feidhmiú go héifeachtach do thréimhse iomlán 12 mhí 2021.

Sínithe thar ceann An Bhoird:

______________________________
**Éamonn Ó Muircheartaigh**
**Cathaoirleach Gníomhach**

**Dáta: ________________________**

Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
Comptroller and Auditor General

## Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

## Educational Research Centre

## Opinion on the financial statements

I have audited the financial statements of the Educational Research Centre for the year ended 31 December 2021 as required under the provisions of the Educational Research Centre (Establishment) Order 2015. The financial statements comprise

- the statement of income and expenditure
- the statement of comprehensive income
- the statement of financial position
- the statement of cash flows and
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the financial statements give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the Educational Research Centre at 31 December 2021 and of its income and expenditure for 2021 in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 — *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland*.

### *Emphasis of matter – deferred pension funding asset*

Without qualifying my opinion on the financial statements, I draw attention to note 12 which relates to retirement benefits accrued by current and former staff up to 31 December 2021.

The recognition of a deferred pension funding asset of €1.3 million in respect of the Single Public Service Pension Scheme reflects statutory provisions relating to the funding of that scheme.

The recognition of an asset of €11.6 million in respect of the Colleges of Education Pension Scheme anticipates that funding will be provided by the State to meet pension liabilities as they fall due. Inherent in this accounting treatment is an assumption that any income generated by the Centre will in the first instance be applied towards current expenses and that State funding will meet any shortfall in resources required to meet future pension liabilities.

### *Basis of opinion*

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of the Educational Research Centre and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

## Report of the C&AG (continued)

### Report on information other than the financial statements, and on other matters

The Educational Research Centre has presented certain other information together with the financial statements. This comprises a governance statement and Board members' report and a statement on internal control. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

I have nothing to report in regard to those matters.

**Peter Kinsley**
**For and on behalf of**
**Comptroller and Auditor General**

**21 October 2022**

## Appendix to the report

### Responsibilities of Board members

The members are responsible for

- the preparation of financial statements in the form prescribed under Article 45 of the Educational Research Centre (Establishment) Order 2015
- ensuring that the financial statements give a true and fair view in accordance with FRS102
- ensuring the regularity of transactions
- assessing whether the use of the going concern basis of accounting is appropriate, and
- such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of financial statements that are free from material misstatement, whether due to fraud or error.

### Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

I am required under Article 48 of the Educational Research Centre (Establishment) Order 2015 to audit the financial statements of the Educational Research Centre and to report thereon to the Houses of the Oireachtas.

My objective in carrying out the audit is to obtain reasonable assurance about whether the financial statements as a whole are free from material misstatement due to fraud or error. Reasonable assurance is a high level of assurance, but is not a guarantee that an audit conducted in accordance with the ISAs will always detect a material misstatement when it exists. Misstatements can arise from fraud or error and are considered material if, individually or in the aggregate, they could reasonably be expected to influence the economic decisions of users taken on the basis of these financial statements.

As part of an audit in accordance with the ISAs, I exercise professional judgment and maintain professional scepticism throughout the audit. In doing so,

- I identify and assess the risks of material misstatement of the financial statements whether due to fraud or error; design and perform audit procedures responsive to those risks; and obtain audit evidence that is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion. The risk of not detecting a material misstatement resulting from fraud is higher than for one resulting from error, as fraud may involve collusion, forgery, intentional omissions, misrepresentations, or the override of internal control.
- I obtain an understanding of internal control relevant to the audit in order to design audit procedures that are appropriate in the circumstances, but not for the purpose of expressing an opinion on the effectiveness of the internal controls.
- I evaluate the appropriateness of accounting policies used and the reasonableness of accounting estimates and related disclosures.
- I conclude on the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting and, based on the audit evidence obtained, on whether a material uncertainty exists related to events or conditions that may cast significant doubt on the Educational Research Centre's ability to continue as a going concern. If I conclude that a material uncertainty exists, I am required to draw attention in my report to the related disclosures in the financial statements or, if such disclosures are inadequate, to modify my opinion. My conclusions are based on the audit evidence obtained up to the date of my report. However, future events or conditions may cause the Educational Research Centre to cease to continue as a going concern.
- I evaluate the overall presentation, structure and content of the financial statements, including the disclosures, and whether the financial statements represent the underlying transactions and events in a manner that achieves fair presentation.

I communicate with those charged with governance regarding, among other matters, the planned scope and timing of the audit and significant audit findings, including any significant deficiencies in internal control that I identify during my audit.

I report by exception if, in my opinion,

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- the accounting records were not sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited, or
- the financial statements are not in agreement with the accounting records.

#### Information other than the financial statements

My opinion on the financial statements does not cover the other information presented with those statements, and I do not express any form of assurance conclusion thereon.

In connection with my audit of the financial statements, I am required under the ISAs to read the other information presented and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the financial statements or with knowledge obtained during the audit, or if it otherwise appears to be materially misstated. If, based on the work I have performed, I conclude that there is a material misstatement of this other information, I am required to report that fact.

#### Reporting on other matters

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to bodies in receipt of substantial funding from the State in relation to their management and operation. I report if I identify material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit. I report if I identify any material instance where public money has not been applied for the purposes intended or where transactions did not conform to the authorities governing them.

## AN FORAS TAIGHDE AR OIDEACHAS

## RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS
**don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021**

| | Nótaí | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Ioncam Tionscadal Lárnach | **6a** | **642,302** | 358,959 |
| Deontas na Roinne Oideachais | **5** | **2,448,413** | 2,619,090 |
| Ioncam Tionscadal Neamh-Lárnach | **6b** | **168,497** | 191,953 |
| Díolacháin an Rannáin Tástála | | **1,328,755** | 370,227 |
| Díolacháin foilseachán | | **2,071** | 1,872 |
| Ioncam oibriúcháin eile | | **1,092** | 45 |
| Glan-mhaoiniú iarchurtha do phinsin | **12.1** | **752,000** | 715,000 |
| | | **5,343,130** | 4,257,146 |
| **Caiteachas** | | | |
| Costais foirne | **10** | **2,261,446** | 1,968,805 |
| Costais oibriúcháin eile | **7** | **1,521,731** | 1,097,918 |
| Costais sochair scoir | **12** | **819,000** | 705,000 |
| Dímheas | **13** | **23,767** | 18,944 |
| | | **4,625,944** | 3,790,667 |
| **Ioncam Cuimsitheach Iomlán don bhliain** | | **717,186** | 466,479 |
| Cuntas ioncaim agus caiteachais tugtha chun cinn | | **1,968,903** | 1,502,424 |
| **Cuntas ioncaim agus caiteachais tugtha chun cinn** | | **2,686,089** | 1,968,903 |

Níl aon bhrabúis ná caillteanais aitheanta ag an bhForas Taighde ar Oideachas seachas iad siúd a thuairiscítear sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sa Ráiteas Ioncaim Cuimsitheach. Rinneadh torthaí na bliana a ríomh ar bhonn costas stairiúil. Baineann ioncam agus costais uile an Fhorais Taighde ar Oideachas le hoibriúcháin leanúnacha.

**Faofa ag an mBord an 19 Deireadh Fómhair 2022 agus sínithe thar a cheann ag:**

**An Dochtúir Aidan Clerkin**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

**Éamonn Ó Muircheartaigh**
**Cathaoirleach**

## AN FORAS TAIGHDE AR OIDEACHAS

# RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH
**don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021**

| | Nótaí | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
|---|---|---|---|
| Ioncam cuimsitheach iomlán bliain ábhartha | | **717,186** | 466,479 |
| Achtúireach (caillteanas) ar oibleagáidí sochair scoir | **12.1** | **144,000** | (1,250,000) |
| Coigeartú ar mhaoiniú sochar scoir iarchurtha | **12.1** | **(144,000)** | 1,250,000 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán sa bhliain** | | **717,186** | 466,479 |

## AN FORAS TAIGHDE AR OIDEACHAS

## RÁITEAS AR STAID AN AIRGEADAIS

**ag an 31 Nollaig 2021**

| | Nótaí | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Neamh-Reatha** | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | **13** | **64,035** | 69,438 |
| **Socmhainní Reatha** | | | |
| Stoic | **14** | **316,508** | 481,764 |
| Infháltais | **15** | **490,318** | 215,260 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid | **20** | **2,079,451** | 1,380,580 |
| | | **2,886,277** | 2,077,604 |
| **Iníoctha: Suimeanna atá dlite laistigh de bhliain** | **16** | **(264,223)** | (178,139) |
| **Glansócmhainní reatha** | | **2,622,054** | 1,899,465 |
| **Iomlán na Sócmhainní lúide Dliteanais Reatha** | | **2,686,089** | 1,968,903 |
| **Sócmhainn Phinsin iarchurtha do Phinsin– Scéim Neamh-mhaoinithe** | **12.1** | **12,871,000** | 12,412,000 |
| **Dliteanais Phinsin – Scéim Neamh-mhaoinithe** | **12.1** | **(12,871,000)** | (12,412,000) |
| **Glansócmhainní** | | **2,686,089** | 1,968,903 |
| **Cúlchistí** | | | |
| Cuntas ioncaim agus caiteachais | | **2,686,089** | 1,968,903 |
| | | **2,686,089** | 1,968,903 |

**Faofa ag an mBord an 19 Deireadh Fómhair 2022 agus sínithe thar a cheann ag:**

**An Dochtúir Aidan Clerkin**
**Príomhfheidhmeannach**

**Éamonn Ó Muircheartaigh**
**Cathaoirleach**

## AN FORAS TAIGHDE AR OIDEACHAS

## RÁITEAS AR SHREAFAÍ AIRGID
**don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021**

| | Nótaí | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|---|
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Ioncam iomlán don bhliain | | **717,186** | 466,479 |
| Coigeartuithe don | | | |
| Dímheas | | **23,767** | 18,945 |
| | | **740,953** | 485,424 |
| Gluaiseachtaí i gcaipiteal oibre: | | | |
| Gluaiseacht i stoic | | **165,256** | (217,975) |
| Gluaiseacht in earraí infhaighte | | **(275,058)** | 174,829 |
| Gluaiseacht iníoctha | | **86,084** | 70,322 |
| Glan insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | | **717,235** | 512,600 |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Íocaíochtaí chun réadmhaoin, gléasra agus trealamh a fháil | | **(18,364)** | (28,990) |
| **Glanmhéadú ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid** | | **698,871** | 483,610 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag tús na bliana airgeadais** | | **1,380,580** | 896,970 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana airgeada** | **20** | **2,079,451** | 1,380,580 |

## 1. EOLAS GINEARÁLTA

Is Comhlacht Poiblí é an Foras Taighde ar Oideachas agus bunaíodh é le hionstraim reachtúil, Ordú An Foras Taighde ar Oideachas (Bunú) 2015 arna leasú le hOrdú an An Foras Taighde ar Oideachas (Bunú) (Leasú) 2017. Ag deireadh na bliana tá ceathrar ball ag an bhForas atá arna cheapadh ag an rialtas.

## 2. POLASAITHE CUNTASAÍOCHTA

Cuireadh na polasaithe cuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach agus iad ag déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha i ndáil le ráitis airgeadais an Fhorais Taighde ar Oideachais.

**Ráiteas comhlíonta**
Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Fhorais Taighde ar Oideachas don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021 ar bhonn an ghnóthais leantaigh agus de réir na bprionsabal cuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn agus i reacht na hÉireann agus de réir an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann (FRS 102) arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais, arna fhógairt ag Cuntasóirí Cairte Éireann.

**Ioncam**
Cuimsíonn ioncam luach sonraisc earraí a sholáthraíonn an Foras Taighde ar Oideachas, seachas aon lascainí trádála. Is ionann ioncam ó ioncam tionscadail agus suim an chaiteachais ghaolmhair a thabhaítear i rith na bliana.

**Bunús an ullmhúcháin**
Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh agus de réir choinbhinsiún na gcostas stairiúil ach amháin cásanna réadmhaoine agus ionstraimí airgeadais a thomhaistear ag méideanna athluacháilte nó luachanna córa, mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos má tá siad ann. De ghnáth bíonn costas stairiúil bunaithe ar luach cóir na comaoine a thugtar mar mhalairt ar shócmhainní.

**Maoin, gléasra agus trealamh agus dímheas**
Luaitear maoin, gléasra agus trealamh ag a gcostas nó ag a luacháil, lúide dímheas carntha. Ríomhtar an muirear ar dhímheas chun bunchostas nó luacháil réadmhaoine, gléasra agus trealaimh a dhíscríobh, lúide a luach iarmharach measta, thar an saolré úsáideach a bhfuil súil leis:

| | | |
|---|---|---|
| Daingneáin, feistis agus trealamh | - | 15% Líne dhíreach |
| Trealamh ríomhaireachta | - | 25% Líne dhíreach |
| Obair ealaíne | - | 0% Líne dhíreach |

Déantar luachanna iompair sócmhainní seasta inláimhsithe a athbhreithniú gach bliain do lagaithe i dtréimhsí má léiríonn imeachtaí nó athruithe ar chúinsí nach féidir an luach tugtha anonn a aisghabháil.

**Sócmhainní airgeadais**
Luaitear infheistíochtaí a choinnítear mar shócmhainní seasta ag costas lúide soláthar d'aon laghdú buan ar luach. Aithnítear ioncam ó infheistíochtaí eile mar aon le haon cháin iarchoimeádta ghaolmhar sa chuntas ioncaim agus caiteachais sa bhliain ina bhfuil sé infhaighte.

**Deontais Rialtais**
Caitear le deontais chaipitiúla a fhaightear agus infhaighte mar ioncam iarchurtha agus déantar iad a amúchadh leis an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais gach bliain thar shaolré eacnamaíoch úsáideach na sócmhainne lena mbaineann sí. Cuirtear deontais ioncaim chun sochair an Ráitis Ioncaim agus Caiteachais nuair a fhaightear iad.

**Stoic**
Déantar stoic a luacháil ag an gcostas is ísle agus ag an nglanluach inréadaithe. Cinntear stoic ar bhonn meánchostas ualaithe. Cuimsíonn an costas caiteachas a thabhaítear i ngnáthchúrsa an ghnó chun stoic a thabhairt chuig a suíomh agus a riocht reatha. Déantar foráil d'earraí atá as feidhm nó mallghluaiste. Cuimsíonn glanluach inréadaithe an praghas díola iarbhír nó measta (glan ó lascainí trádála) lúide gach costas breise a tharla nó a thabhaítear i margaíocht agus i ndíol.

**Trádáil agus earraí infhaighte eile**
Aithnítear earraí infhaighte trádála agus eile ar dtús ag luach cóir agus ina dhiaidh sin luaitear iad ag costas amúchta ag baint úsáide as an modh úis éifeachtach lúide caillteanais lagaithe ar dhrochfhiacha amhrasacha ach amháin i gcás nach mbeadh éifeacht an lascainithe neamhábhartha. I gcásanna den sórt sin luaitear na nithe infhaighte ar chostas lúide caillteanais lagaithe as drochfhiach agus amhrasach.

**Airgead tirim agus coibhéisí airgid**
Cuimsíonn airgead tirim agus coibhéisí airgid airgead tirim sa bhanc agus ar láimh, taiscí éilimh le bainc agus infheistíochtaí gearrthéarmacha an-leachtacha lena mbaineann aibíochtaí bunaidh trí mhí nó níos lú agus rótharraingtí bainc. Sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais léirítear rótharraingtí bainc laistigh de na nithe iníoctha.

**Trádáil agus iníocthaí eile**
Aithnítear trádáil agus earraí iníoctha eile ar dtús ag luach cóir agus ina dhiaidh sin luaitear iad ag costas amúchta ag baint úsáide as an modh éifeachtach ráta úis, ach i gcás éifeacht an lascainithe neamhábhartha, agus sa chás sin luaitear iad ar a gcostas.

**Cánachas**
Is Comhlacht Reachtúil é An Foras Taighde ar OIdeachas. Ní thrádálann sé ar bhrabús agus dá bhrí sin tá sé díolmhaithe ó Cháin Chorparáide.

**Pinsin**
Tá socruithe áirithe scoir sochar sainithe ag an bhForas mar a shonraítear i nóta 12.
Déantar dliteanais scéime pinsin sochair shainithe a thomhas ar bhonn achtúireach agus an modh aonaid réamh-mheasta á úsáid. Cuimsíonn an muirear pinsin sochair shainithe don Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais an costas seirbhíse reatha agus na costais seirbhíse roimhe seo, agus an costas úis a éiríonn as tomhas an dliteanais phinsin ag an nglanluach reatha. Aithnítear méid a fhreagraíonn don mhuirear pinsin mar ioncam sa mhéid go bhfuiltear ag súil go mbeidh sé inghnóthaithe agus fritháirithe ag deontais a fuarthas sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a urscaoileadh.
Aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a eascraíonn as athruithe ar bhoinn tuisceana achtúireacha agus ó bharrachais agus easnaimh taithí sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain ina dtarlaíonn siad.
Léiríonn costais phinsin sochair phinsin a thuilleann fostaithe, agus léirítear iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin foirne a chuirtear ar aghaidh chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gcás na Scéime Pinsin Aonair agus a choinníonn an Roinn Oideachais i gcás Scéim Pinsin an Choláiste.
Léirítear brabúis nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn as dliteanais scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach, agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá inghnóthaithe ón Roinn Oideachais.
Ríomhtar na méideanna a ghearrtar ag baint úsáide as na rátaí seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| Costais seirbhíse reatha | - | Ráta lascaine ag tús na bliana |
| Costas úis | - | Ráta lascaine ag deireadh na bliana |
| Toradh measta socmhainní | - | Ráta toraidh ionchais ag tús na bliana |

**Sócmhainn Infhaighte**
*Scéim Pinsin na gColáistí Oideachais agus Scéim Céilí agus Leanaí*
Aithníonn an Coláiste mar shócmhainn, méid a fhreagraíonn don dliteanas iarchurtha neamhchistithe i leith pinsean ar bhonn roinnt imeachtaí san am atá thart. Áirítear leis na himeachtaí seo an tacaíocht reachtúil don scéim aoisliúntais, agus an polasaí agus an cleachtas maidir le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú lena n-áirítear an próiseas meastachán bliantúil. Cé nach bhfuil aon chomhaontú foirmiúil ann agus dá bhrí sin nach bhfuil aon ráthaíocht ann maidir leis na méideanna sonracha seo leis an Roinn Oideachais, níl aon fhianaise ag an bhForas nach leanfaidh an beartas maoinithe seo ag comhlíonadh an mhéid seo de réir a chéile de réir an chleachtais reatha.
*Scéim Pinsin Aonair Seirbhíse Poiblí ("SPSPS")*
Is í an Scéim Aonair an scéim pinsin sochair shainithe do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh de réir an Achta um Pinsean Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012. Is Údarás ábhartha é an FTO faoin scéim.

**Breithiúnais chuntasaíochta suntasacha agus príomhfhoinsí neamhchinnteachta meastacháin**
Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, rinne an bhainistíocht breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a théann i bhfeidhm ar na méideanna a tuairiscíodh le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail ar dháta an chláir chomhardaithe agus na méideanna a tuairiscíodh le haghaidh ioncaim agus caiteachais i rith na bliana. Féadfaidh torthaí iarbhír a bheith difriúil leis na meastacháin seo. Déantar meastacháin agus breithiúnais a athbhreithniú ar bhonn leanúnach. Tugtar aghaidh thíos ar na meastacháin, na toimhdí agus na breithiúnais a bhfuil riosca suntasach acu coigeartú ábhartha a dhéanamh ar mhéid carraeireachta na sócmhainní agus na ndliteanas laistigh de na ráitis airgeadais bhliain airgeadais seo chugainn:

**Laethanta saoire tuillte ach nár glacadh agus soláthar sochar fostaí eile**
Ríomhtar é seo maidir le laethanta saoire a thuilltear ach nach dtógtar ar dháta an chláir chomhardaithe an 31 Nollaig 2021 a chuirtear i leith daonra iomlán na bhfostaithe.

**Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh**
Ríomhtar muirear dímheasa bunaithe ar mheastacháin agus ar bhoinn tuisceana ar shaolta eacnamaíocha úsáideacha sócmhainne agus ar an luach iarmharach a bhfuiltear ag súil leis.

## 3. GNÓTHAS LEANTACH

Tá a fhios ag na baill go ndéantar an t-eintiteas a mhaoiniú go héifeachtach le hioncam ón Roinn Oideachais. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthais leantaigh, a mbraitheann a mbailíocht ar infhaighteacht leanúnach na gcistí seo.

Maidir leis seo, rinne an t-eintiteas an deimhniú maoinithe sin a mheas do 2022. Mar sin féin ní bhfuair an t-eintiteas dearbhú maidir le tacaíocht airgeadais leanúnach ón Roinn agus ní dócha go ndéanfaidh sé amhlaidh mar gheall ar chineál an phróisis bhuiséadaithe. Tugann an Roinn Oideachais faoin bpróiseas bliantúil seo gar do dheireadh na bliana agus dá bhrí sin níor comhaontaíodh fós ar bhuiséad 2023 agus ina dhiaidh sin. Go stairiúil ní raibh aon fhadhb ag an eintiteas maoiniú leanúnach a fháil.

Tar éis dóibh an méid roimhe seo a mheas, creideann na stiúrthóirí gur iomchuí na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh. Ní chuimsíonn na ráitis airgeadais aon athruithe a thiocfadh as mainneachtain an bharrachais airgeadais réamh-mheasta a bhaint amach nó mura bhféadfadh an banc nó an Roinn Oideachais tacaíocht airgeadais a sholáthar a thuilleadh.

## 4. IONCAM

Tá ioncam iomlán an Fhorais Taighde ar Oideachas inchurtha i leith a mhargaidh i bPoblacht na hÉireann agus tá sé díorthaithe ó phríomhghníomhaíocht na meastóireachta ar sholáthar oideachais, anailís ar shaincheisteanna san oideachas, anailís ar thorthaí scrúduithe poiblí agus measúnuithe náisiúnta ar ghnóthachtáil oideachais.

## 5. DEONTAIS A FUARTHAS

Rinne an Roinn Oideachais dhá dheontas a leithdháileadh ar an FTO in 2021, Pá agus Neamhphá. Is é cuspóir na ndeontas ná míreanna caiteachais Pá agus Neamh-Phá a chlúdach (ar nós costais ghinearálta oifige nó tionscadail). Ní dhearnadh aon mhaoiniú pinsin a leithdháileadh ar FTO in 2021. Ní bhfuarthas aon deontas caipitil.
Fuarthas deontas iomlán €3,023,716 (2020: €2,978,048) ón Roinn Oideachais. As na deontais iomlán a fuarthas áirítear €642,302 (2020: €358,959) mar ioncam tionscadail agus €2,381,414 (2020: €2,619,089) mar chuid de dheontas na Roinne Oideachais.
Tugtar cuntas ar na deontais seo trí chomhphlé rialta leis an Roinn Oideachais. Cuirtear sonrasc don mhaoiniú do thionscadail eile nach n-áirítear i dtionscadail lárnacha FTO a thagann faoin deontas Neamhphá chuig an páirtí ábhartha.

### 6a. IONCAM NA dTIONSCADAL LÁRNACH

| IONCAM NA dTIONSCADAL LÁRNACH | Deontóir | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
|---|---|---|---|
| Comhionannas Deiseanna a Sheachadadh i Scoileanna (DEIS) | An Roinn Oideachais – Aonad um Chuimsiú Sóisialta | **1,903** | 1,629 |
| An Clár um Measúnú Idirnáisiúnta do Mhic Léinn (PISA) | An Roinn Oideachais – Láraonad Beartais | **8,525** | 71,524 |
| Treochtaí i Staidéar Idirnáisiúnta Matamaitice agus Eolaíochta (TIMSS) | An Roinn Oideachais – Láraonad Beartais | **194,282** | 68,013 |
| Dul chun cinn sa Staidéar Idirnáisiúnta ar Litearthacht Léitheoireachta (PIRLS) | An Roinn Oideachais – Láraonad Beartais | **42,391** | 104,864 |
| Triail Chaighdeánach | An Roinn Oideachais – Láraonad Beartais | **5,391** | - |
| Measúnachtaí náisiúnta | An Roinn Oideachais – Láraonad Beartais | **115,748** | 52,535 |
| Measúnú agus diagnóis iar-bhunscoile – Béarla don SNSO | An Roinn Oideachais – Láraonad Beartais | **56,115** | 30,228 |
| Trialacha ríomhaire-bhunaithe (TRB/DOTS) | An Roinn Oideachais – Láraonad Beartais | **179,364** | 17,861 |
| An Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta (SASG) | An Roinn Oideachais – Láraonad Beartais | **38,583** | 12,305 |
| | | **642,302** | 358,959 |

Is tionscadail athfhillteacha iad tionscadail lárnacha ar nós measúnuithe idirnáisiúnta (m.sh., PIRLS/TIMSS/PISA) agus measúnuithe náisiúnta (m.sh. NAMER atá mar bhonn le maoiniú FTO ón Roinn Oideachais (RO). Tá bunmhaoiniú tionscadail san áireamh i gcistiú pá agus neamhphá foriomlán na Roinne Oideachais a chumhdaíonn costais lárnacha tionscadail chomh maith le caiteachas ginearálta FTO (m.sh. sláinte agus sábháilteacht, TF srl).
Clúdaíodh na costais go léir a bhain le measúnú agus diagnóis iar-bhunscoile – Béarla don SNSO faoi mhaoiniú tionscadail lárnacha cé gur tionscnamh SNSO é.
Níl an t-ioncam don tionscadal DEIS mar chuid de mhaoiniú an Aonaid Churaclaim agus Mheasúnaithe (nóta 5) ach déantar é a shonrasc chuig Aonad um Chuimsiú Sóisialta na Roinne Oideachais.

### 6b. IONCAM NA dTIONSCADAL NEAMH-LÁRNACH

| IONCAM NA dTIONSCADAL NEAMH-LÁRNACH | Deontóir | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
|---|---|---|---|
| An Creat Foghlama Digití (CFD) | An Roinn Oideachais – Aonad Beartais TFC | **68,653** | 59,251 |
| Foghlaim Ghairmiúil Múinteoirí (FGM/FGL - Folláine | An Roinn Oideachais – Rannóg Oideachas Múinteoirí | **99,844** | 107,408 |
| Measúnú agus Diagnóis Iar-Bhunscoile – Béarla don SNSO | An Roinn Oideachais - SNSO | **0** | 25,294 |
| | | **168,497** | 191,953 |

Is éard atá i dtionscadail neamh-lárnacha ná tionscadail nach n-áirítear sa mhaoiniú bliantúil ón ROS agus a bhaineann le tionscadail ad-hoc (mar an Creat Foghlama Digití nó Foghlaim Ghairmiúil Mhúinteoirí). Meallann na tionscadail seo maoiniú sonrach ó chodanna den Roinn seachas an tAonad Beartais Lárnach (ABL) nó gníomhaireachtaí eile agus baineann gach maoiniú leis na tionscadail ábhartha amháin. Tá an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta in Ioncam na dTionscadal Lárnacha do 2021.

## 7. COSTAIS OIBRIÚCHÁIN EILE

Is iad seo a leanas na costais oibriúcháin eile don bhliain:-

| | **Nótaí** | **2021 €** | 2020 € |
|---|---|---|---|
| Caiteachas ar thionscadail lárnacha (féach nóta thíos) | **8a** | **642,302** | 358,959 |
| Caiteachas ar thionscadail neamh-lárnacha (féach nóta thíos) | **8b** | **5,455** | 8,556 |
| Priontáil. postas agus stáiseanóireacht | | **258,628** | 364,394 |
| Stoc oscailte | | **481,764** | 263,787 |
| Stoc deiridh | | **-316,508** | (481,764) |
| Earcú agus oiliúint foirne | | **33,525** | 16,383 |
| Cíos iníoctha | | **12,000** | 12,000 |
| Rátaí | | **151** | 1,300 |
| Árachas | | **16,372** | 16,178 |
| Solas agus teas | | **16,958** | 18,669 |
| Glantóireacht | | **12,043** | 14,248 |
| Deisiúcháin agus cothabháil | | **13,605** | 8,436 |
| Guthán | | **12,175** | 10,717 |
| Costais ríomhaireachta | | **119,751** | 43,817 |
| Costais comhdhálacha | | **1,067** | 1,086 |
| Taisteal agus cothabháil | | **1,199** | 1,612 |
| Conarthaí cothabhála | | **34,584** | 32,526 |
| Táillí dlí | | **84,586** | 184,549 |
| Comhairleacht agus gairmiúil | | **24,657** | 180,335 |
| Iniúchadh agus cuntasaíocht | | **41,600** | 25,710 |
| Seomraí cruinnithe ar cíos agus lónadóireacht | | **619** | 641 |
| Táillí bainc | | **6,897** | 1,950 |
| Costais ghinearálta | | **5,471** | 3,108 |
| Bainistíocht dramhaíola agus bruscar | | **3,954** | 1,446 |
| Pionóis agus fíneálacha | | **0** | - |
| Ballraíocht | | **8,876** | 9,275 |
| | | **1,521,731** | 1,097,918 |

**Nóta:**. Ní chuimsíonn caiteachas tionscadail de €642,302 (2019: €358,959) dímheas de €5,455 (2020: €8,556) ar shócmhainní tionscadail mar go dtaispeántar é seo ar leithligh faoi dhímheas. Féach nóta 13 le haghaidh tuilleadh sonraí. Ní chuimsíonn caiteachas tionscadail neamh-lárnach de €8,556 (2020: €27,574) pá agus tuarastail ar obair thionscadail neamh-lárnach de €162,135 (2020: €183,397) mar taispeántar é seo ar leithligh faoi phá agus tuarastail. Féach nóta 10 do thuilleadh sonraí.

## 8a. CAITEACHAS TIONSCADAL LÁRNACH

| | Nótaí | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Crua-earraí/bogearraí tionscadail | | - | 82,655 |
| Taisteal | | - | 14,533 |
| Priontáil, postas agus stáiseanóireacht | | **88,414** | 103,483 |
| Suirbhé, riarachán agus tacaíocht theicniúil | | **47,095** | 36,571 |
| Gairmiúil agus comhairleacht | | **316,966** | - |
| Ballraíocht | | **187,479** | 106,677 |
| Éagsúil | | **2,348** | 15,040 |
| | | **642,302** | 358,959 |
| Dímheas – Sócmhainní Tionscadail | **13** | - | - |
| | | **642,302** | 358,959 |

## 8b. CAITEACHAS TIONSCADAL NEAMH-LÁRNACH

| | Nótaí | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Taisteal | | - | - |
| Priontáil, postas agus stáiseanóireacht | | **5,455** | 7,694 |
| Suirbhé, riarachán agus tacaíocht theicniúil | | - | 675 |
| Éagsúil | | - | 187 |
| | | **5,455** | 8,556 |
| Pá agus tuarastail – obair thionscadal neamh-lárnach | **10** | **162,135** | 183,397 |
| | | **167,590** | 191,953 |

## 9. EASNAIMH OIBRIÚCHÁIN

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Luaitear easnamh oibriúcháin tar éis ghearrtha:** | | |
| Dímheas ar mhaoin, gléasra agus trealamh | **23,767** | 18,944 |
| Luach saothar iniúchóirí – comhdhéanta mar seo a leanas:- | | |
| - An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste | **18,590** | 17,800 |
| - Crowe | **15,889** | 7,618 |
| - Mazars | - | - |

## 10. FOSTAITHE AGUS LUACH SAOTHAIR

### An líon fostaithe

Is mar seo a leanas a bhí meánlíon na bhfostaithe (Baill Bhoird feidhmeannais san áireamh) i rith na bliana:

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | **Líon** | Líon |
| Líon foirne | **49** | 46 |

| Cuimsíonn na costais foirne: | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Pá agus tuarastail | **2,261,446** | **1,968,805** |

## 10. FOSTAITHE AGUS LUACH SAOTHAIR

San áireamh i dtuarastal pá agus tuarastail don bhliain tá €162,135 (2020: €183,397) do phá agus tuarastail ar thionscadail neamh-lárnacha.
Tá costais phinsin don bhliain 2021 agus íocaíochtaí AD san áireamh i bpá agus i dtuarastail.

Íocann OCBÁC pinsean dóibh siúd a chuaigh ar scor roimh 2021. Íocann an FTO pinsean dóibh siúd a théann ar scor tar éis 2021. Ní raibh meicníocht pinsin i bhfeidhm le linn 2021. Baintear na ranníocaíochtaí pinsin do Scéim Pinsin na gColáistí Oideachais ó thuarastail. Baintear asbhaintí pinsin ó mhaoiniú tuarastail a thagann ón Roinn Oideachais. Faigheann agus íoctar iad leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Faigheann an FTO maoiniú ón Roinn Oideachais atá comhionann le ranníocaíochtaí fostaí bhaill na Scéime Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair.
Tá €39,193 (2020: €28,539) fabhraithe ag an bhForas Taighde ar Oideachas maidir le saoire pá do 2021.
Is iad sonraí faoi líon na bhfostaithe ar tháinig a sochar fostaí iomlán (gan costais phinsin fostóra san áireamh) don bhliain tuairiscithe laistigh de gach banda pá de € 10,000 ó € 60,000 nó níos mó:

| **Banda Pá** | **An líon iomlán fostaithe a raibh a sochair don bhliain laistigh den bhanda pá** |
|---|---|
| 60,001-70,000 | 2 |
| 70,001-80,000 | 4 |
| 80,001-90,000 | 1 |
| 120,001-130,000 | 1 |

## 11. LUACH SAOTHAIR DO BHAILL AN BHOIRD

Ní bhfuair aon bhall Boird táillí Boird i rith na bliana. Fuair Éamon Ó Muircheartaigh íocaíocht de €Nialas (2020: €570 mar aon le costais dheimhnithe de €Nialas (2020: €113) as a chuid oibre ar thionscadal de chuid an FTO. Tá an íocaíocht seo go hiomlán ar leithligh óna chuid oibre mar bhall de Bhord Rialaithe an FTO.
Ba é luach saothair iomlán** an POF ná €125,068 (2020: €121,088). Fuair an POF íocaíocht €1,006 (2020: €1,619) as costais dhearbhaithe a bhain le taisteal náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tionóladh seacht gcruinniú Boird i 2021.
***Tá an POF ag fáil na Scéime Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair, agus níl aon teidlíochtaí breise eile ann*

## 12. COSTAIS PINSEAN – SOCHAR SHAINITHE

Tá dhá scéim sochair shainithe ag an FTO; Scéim Pinsin na gColáistí Oideachais agus Scéim Chéilí agus Leanaí na gColáistí Oideachais agus an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair ("SPSPS"). Déanann OCBÁC (agus Coláiste Phádraig sula ndearnadh é a chomhtháthú mar chuid de Choláiste Phádraig, OCBÁC) íocaíochtaí thar ceann an FTO le tairbhithe an Fhorais a bhaineann leis an dá scéim aoisliúntais sochair shainithe thar ceann na Roinne Oideachais.
Is é atá sa chéad scéim Scéim Pinsin na gColáistí Oideachais agus Scéim Chéilí agus Leanaí na gColáistí Oideachais ná scéim pinsin sochair shainithe a mhaoinítear go bliantúil ar bhonn íoc mar a leantar ón airgead atá ar fáil uaithi, lena n-áirítear airgead a sholáthraíonn an Roinn Oideachais tríd an Údarás Ardoideachais agus ó ranníocaíochtaí a bhaintear as tuarastail foirne. Baintear na ranníocaíochtaí seo freisin ó dheontais a leithdháileann an Roinn Oideachais. Cuimsíonn na sochair ar scor pinsean bliantúil agus cnapshuim atá comhionann le suim na méideanna inchurtha i leith gach bliana féilire nó cuid de agus tá siad bunaithe ar an tuarastal deiridh. Cuimsíonn sochair an chéile cnapshuim dhá oiread an Luach Saothair Inphinsin agus 50% de phinsean an bhaill as bás i seirbhís nó 50% de phinsean an chomhalta as bás mar iarchur agus bás tar éis scoir. D'íoc OCBÁC íocaíochtaí pinsin go deireadh 2020. Ní bhfuair OCBÁC aon mhaoiniú ó 2020 ar aghaidh chun pinsin FTO a íoc agus leanann OCBÁC ag íoc pinsinéirí FTO roimh 2021 óna cistí féin. In 2021 ghlac an FTO seilbh ar íocaíocht a bpinsean do dhaoine a chuaigh ar scor tar éis 2020. Níor chuir an Roinn Oideachais aon mhaoiniú ar fáil do na híocaíochtaí seo in 2021 agus íocadh iad seo as cúlchistí an FTO. Cuireadh maoiniú ar fáil do na pinsin a d'íoc an FTO don bhliain 2022. Tá baol go gcuirfidh DCU bille chuig an FTO as pinsin a íocadh go dtí seo nach bhfuair siad maoiniú ina leith.
Is é an dara scéim an Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ("Scéim Aonair") an scéim pinsin sochair shainithe do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó dá éis de réir an Achta um Pinsean Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012. An scéim déantar foráil maidir le cnapshuim pinsin agus scoir bunaithe ar luach saothair inphinsin ar an meán gairme, agus ar phinsin chéile agus leanaí. Is í an aois íosta pinsin ná 66 bliana (ag ardú de réir athruithe aoise ar phinsean Stáit). Cuimsíonn sé saoráid luathscoir laghdaithe ó achtúire ó aois 55. Méadaíonn pinsin in íocaíocht de réir innéacs praghsanna na dtomhaltóirí.

## 12. COSTAIS PINSEAN – SOCHAR SHAINITHE

Léiríonn costais phinsin sochair phinsin a thuilleann fostaithe sa bhliain agus taispeántar iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin foirne a chuirtear ar aghaidh chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe do bhaill na Scéime Aonair agus a choinníonn an Roinn Oideachais i gcás na Scéim Pinsin an Choláiste. Aithnítear méid a fhreagraíonn don mhuirear pinsin mar ioncam sa mhéid go bhfuil sé inghnóthaithe agus fritháirithe ag deontais a fuarthas sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a urscaoileadh.
Aithnítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn as athruithe ar thoimhde achtúireach agus ó bharrachais agus easnaimh ó thaithí sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain ina dtarlaíonn siad agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá inghnóthaithe ón Roinn Oideachais.
Léiríonn dliteanais phinsin luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin sa todhchaí a thuill an fhoireann go dtí seo. Léiríonn maoiniú iarchurtha pinsin an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le gnóthú i dtréimhsí amach anseo ón Roinn Oideachais.
Rinne achtúire neamhspleách cáilithe an luacháil achtúireach iomlán ar an Scéim le héifeacht ó 31 Nollaig 2020 chun críocha cuntasaíochta. Is iad seo a leanas na príomh-bhoinn tuisceana a úsáideann an achtúire.:

| | **2021** | 2020 |
|---|---|---|
| An ráta méaduithe ar thuarastail | **3.2%** | 2.4% |
| Méaduithe pinsin ar íocaíocht | **3.2%** | 2.4% |
| Ráta liúntais | **1.3%** | 0.5% |
| Bonn tuisceana ar bhoilsciú | **2.2%** | 1.4% |
| Méaduithe pinsin ar iarchur | **3.2%** | 2.4% |
| Méadú ar phinsean stáit | **2.2%** | 1.4% |

Tá imscrúduithe déanta le trí bliana anuas ar eispéireas básmhaireachta ar mhórscéimeanna an Fhorais. Bhí sé mar chonclúid ag na himscrúduithe go n-áiríonn na conclúidí reatha básmhaireachta liúntas leordhóthanach d'fheabhsúcháin todhchaí ar rátaí básmhaireachta. Is iad na hionchais saoil a mheastar ar scor ag aois 65 ná:

| Ag dul ar scor inniu | **2021** | 2020 |
|---|---|---|
| Fireannaigh aois 65 ag dáta an chláir chomhardaithe | **21.9** | 21.8 |
| Baineannaigh aois 65 ag dáta an chláir chomhardaithe | **24.3** | 24.2 |
| Ag dul ar scor i gceann 20 bliain | | |
| Fireannaigh aois 65 i gceann 20 bliain | **24.2** | 24.1 |
| Baineannaigh aois 65 i gceann 20 bliain | **26.3** | 26.2 |

## 12.1. COSTAIS PINSEAN – SOCHAIR SAINITHE ar lean

**Anailís ar an méid a ghearrtar ar Ráiteas Ioncaim**

| | **2021** | 2020 |
|---|---|---|
| | **€** | € |
| Costas seirbhíse reatha | **774,000** | 670,000 |
| Glanchostas úis | **65,000** | 110,000 |
| Muirear oibriúcháin iomlán | **839,000** | 780,000 |
| Ranníocaíochtaí ó fhostaithe | **(87,000)** | (75,000) |
| Muirear ar Ráiteas Ioncaim | **752,000** | 705,000 |

**Anailís ar an méid a ghearrtar ar Ráiteas Ioncaim**

| | | |
|---|---|---|
| **Ag tús na bliana** | **(12,412,000)** | (10,447,000) |
| Gluaiseacht sa bhliain: | | |
| Costais seirbhíse reatha (glan ó ranníocaíochtaí fostaithe) | **(687,000)** | (595,000) |
| Sochair íoctha | **236,000** | 65,000 |
| Ranníocaíochtaí ó fhostaithe | **(87,000)** | (75,000) |
| Achtúireach (caillteanais) | **144,000** | (1,250,000) |
| Glan ús / (creidmheas) | **(65,000)** | (110,000) |
| **Ag deireadh na bliana – Luach reatha dliteanais na scéime** | **(12,871,000)** | (12,412,000) |
| Sócmhainn pinsin sa chlár comhardaithe | **2,871,000** | 12,412,000 |

**12.1. COSTAIS PINSEAN – SOCHAIR SAINITHE ar lean**

Is é an tsócmhainn mhaoinithe iarchurtha le haghaidh sochar scoir an 31 Nollaig 2021 ná €12,871m (2020: €12,412m). Baineann €11.577m (2020: €11.47m) den tsócmhainn le Scéim na gColáistí Oideachais agus baineann €1.295m (2019: €0.942m) leis an Scéim Pinsin Aonair
.

**Maoiniú iarchurtha le haghaidh sochair scoir**

Seo a leanas mar a bhí an glanmhaoiniú iarchurtha do na sochar scoir a aithníodh sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe:

| | **2021** | 2020 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| Maoiniú inghnóthaithe i leith costais sochair scoir na bliana reatha | **839** | 780 |
| Sochair íoctha | **(236)** | (65) |
| | **603** | 715 |

**Cineál agus méid na rioscaí a eascraíonn as ionstraimí airgeadais atá i seilbh na scéime sochair shainithe**
Tá an Scéim neamh-mhaoinithe agus gan aon infheistíochtaí aici.

**Stair na nOibleagáidí Sochair Iarchurtha**

| | **2021** | **2020** | **2019** |
|---|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Oibleagáidí sochair iarchurtha | 12,871 | 12,412 | 10,447 |
| Sochair/(caillteanais) taithí ar mhéid dliteanas na scéime | 144 | (1,250) | (1,858) |
| Céatadán de dhliteanais na scéime | 1.12% | 10.07% | 17.79% |

Tá an luacháil a úsáideadh do nochtuithe FRS102 bunaithe ar luacháil achtúireach an 31 Nollaig 2021 ag achtúire cáilithe agus riachtanais FRS102 á gcur san áireamh chun dliteanais na scéime a mheas ag an 31 Nollaig 2021. Tá baill aonair na scéime san áireamh sa dliteanas pinsin ag 31 Nollaig 2021, chuir an ríomh achtúireach na teidlíochtaí éagsúla a bhaineann leis an scéim san áireamh.

**13. RÉADMHAOIN, FEARAS AGUS TREALAMH**

| | **Daingneáin feistis agus trealamh** | **Trealamh ríomhaire** | **Obair Ealaíne** | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|
| **Costas** | **€** | **€** | **€** | **€** |
| Ag 1 Eanáir 2021 | 50,716 | 73,916 | 5,000 | 129,632 |
| Breiseanna | 332 | 18,032 | - | 18,364 |
| Ag 31 Nollaig 2021 | 51,048 | 91,948 | 5,000 | 147,996 |
| **Dímheas** | | | | |
| Ag 1 Eanáir 2021 | 22,852 | 37,340 | - | 60,192 |
| Muirear na bliana | 7,654 | 16,115 | - | 23,769 |
| Ag 31 Nollaig 2021 | 30,506 | 53,455 | - | 83,961 |
| **Glanluach leabhair** | | | | |
| **Ag 31 Nollaig 2021** | **20,542** | **38,493** | **5,000** | **64,035** |
| Ag 31 Nollaig 2020 | 27,864 | 36,576 | 5,000 | 69,440 |

## 13. RÉADMHAOIN, FEARAS AGUS TREALAMH

Is le OCBÁC an foirgneamh atá á áitiú ag an bhForas Taighde ar Oideachas. Tá cead ag an FTO an foirgneamh a úsáid gan aon chostas. D'éag comhaontú aistrithe idir an dá pháirtí i Meán Fómhair 2019 agus tá sé beartaithe na socruithe seo a chur ar bhonn foirmiúil.
Tá foirgneamh na Roinne Tástála ar Bhóthar Richmond faoi Iontaobhas Naomh Lorcán Ó'Tuathail faoi láthair. Bhí plé ag FTO leis an Roinn Oideachais & Scileanna, OCBÁC agus le hiontaobhas Naomh Lorcán Ó Tuathail chun an foirgneamh a aistriú go foirmiúil chuig an FTO. Táthar ag súil go n-aistreofar an úinéireacht chuig an eintiteas toisc nach féidir an foirgneamh a úsáid ach chun críche an Fhorais Taighde ar Oideachas.

Baineann saothar ealaíne le pictiúir a fágadh san bhForas mar chuid d'oidhreacht. Ní dhéantar iad a dhímheas faoi láthair mar meastar go bhfuil a luach iarmharach mar an gcéanna leis an gcostas reatha a choinnítear orthu

## 14. STOIC

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Earraí críochnaithe agus earraí le hathdíol | **316,508** | 481,764 |

Ní raibh difríocht shuntasach idir costas athsholáthair stoic agus na figiúirí a léiríodh.

## 15. INFHÁLTAIS

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Infháltais trádála | **230,046** | 144,807 |
| Infháltais eile | **4,505** | 3,000 |
| Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe | **255,767** | 67,453 |
| | **490,318** | 215,260 |

## 16. INÍOCTHA

| **Suimeanna atá dlite laistigh de bhliain** | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Iníoctha trádála | **1,845** | 13,124 |
| ÍMAT/ASPC | **63,571** | 52,695 |
| CISG | **5,980** | 4,239 |
| Fabhraithe | **192,827** | 108,081 |
| | **264,223** | 178,139 |

## 17. TIOMANTAIS CHAIPITIÚLA

Ní raibh aon ghealltanais chaipitiúla ábhartha ag an eintiteas ag deireadh na bliana 31 Nollaig 2021.

## 18. IDIRBHEARTA PÁIRTÍ GAOLMHARA

Is é phríomhphearsanra bainistíochta sa ag an Foras Taighde Oideachais ná an POF. B'ionann luach saothair iomlán POF agus €125,068 (2020: €121,088).

## 19. IMEACHTAÍ I nDIAIDH DHEIREADH NA TRÉIMHSE TUARASCÁLA

Bhí an FTO i dteagmháil go rialta leis an ROS maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag Covid ar thionscadail 2021 agus na tionchair airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ann dá bharr. Comhaontaíodh athruithe ar an gclár oibre do 2021 leis an Roinn sa bhFómhar 2020 agus pléadh iad leis an mBord. Pléadh agus comhaontaíodh athruithe breise ar an gclár oibre a tharla le linn 2021 (a bhaineann go príomha le tionscadal NAMER) leis an Roinn Comhshaoil. Ní raibh aon tionchar ar ioncam na Roinne Tástála don bhliain airgeadais mar a thosaigh Tástálacha Caighdeánaithe arís san Earrach 2021. Bhreithnigh an FTO costais, foinsí ioncaim agus coigilteas réamh-mheasta chomh maith le foinsí maoinithe tionscadail don tréimhse 2021 agus níl an Bord ag súil go mbeidh tionchar ábhartha ag an bpaindéim ann ar a chumas feidhmiú mar ghnóthas leantach.
Leanann an Bord ag déanamh monatóireachta ar an staid airgeadais.
Lean tionchar Covid ar oibríochtaí an FTO ar an láithreán le linn 2021 agus lean, agus leanann, an FTO treoirlínte an Rialtais. Tugadh treoirlínte eatramhacha isteach i bhFeabhra 2022 maidir le filleadh ar an oifig de réir a chéile. Tá an FTO tar éis oiriúnú go han-mhaith don tsamhail ar líne.

## 20. AIRGEAD TIRIM AGUS COIBHÉISÍ AIRGEAD TIRIM

| | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|
| Iarmhéideanna airgid agus bainc | **2,079,452** | 1,380,580 |

## 21. FAOMHADH DO RÁITIS AIRGEADAIS

Rinne an Bord na ráitis airgeadais a fhaomhadh an 19 Deireadh Fómhair 2022 agus síníodh iad do agus thar ceann:

**An Dochtúir Aidan Clerkin**
**Príomhfheidhmeannach**

**Éamonn Ó Muircheartaigh**
**Cathaoirleach**